# EESC Info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

March 2025 | GA

Available Languages:

ES BG CS DA EN DE ET FR EL GA HR IT LV LT HU MT NL PL PT FI RO SK SL SV

## EDITORIAL

[Eagarfhocal]



**Leigheas ar an deighilt idir na daoine: Conas is féidir leis an tsochaí shibhialta an polarú a chomhrac agus an dochar a bhaint as**

Nuair is ag dul in olcas atá an deighilt idir na daoine sa tsochaí lenár linn, agus nuair is ag dul i léig atá an mhuinín as institiúidí an daonlathais, ní mór don tsochaí shibhialta aghaidh a thabhairt ar an dúshlán. Ní rud diúltach ann féin an polarú i gcásanna áirithe Ní lia duine ná dearcadh: sin é is lón díospóireachta don daonlathas. Mar sin féin, nuair is naimhdeas, bréagaisnéis agus deighilt an toradh a bhíonn ar an deighilt, is rud í a chuireann bunchlocha an daonlathais i mbaol.

Le linn Sheachtain na Sochaí Sibhialta i mbliana, chonaiceamar samplaí maithe de thionscnaimh a théann i ngleic leis an bpolarú díobhálach. Le Duais na Sochaí Sibhialta de chuid CESE, leagadh béim ar eagraíochtaí a oibríonn ar litearthacht sna meáin, rud a chuireann i gcoinne na bréagaisnéise, agus a chothaíonn plé idir óg agus aosta. Sin iad na cineálacha tionscadal nach mór tacú leo más mian linn sochaithe athléimneacha comhtháite a thógáil.

Ar fud na hEorpa, tá an ilroinnt shochaíoch ag dul i méid. Is iomaí sin dúshlán atá le sárú: neamhionannais eacnamaíocha, eisiamh sóisialta, mífhaisnéis dhigiteach, agus antoisceachas polaitiúil. Léiríonn an méadú atá tagtha le déanaí ar ghluaiseachtaí pobalacha ar fud na hEorpa, an laghdú atá ag teacht ar iolrachas na meán, agus an laghdú atá ag teacht ar an muinín as institiúidí an chaoi a gcuireann an polarú le míshástacht. Déanann na treochtaí sin struchtúir dhaonlathacha a lagú agus an comhtháthú sóisialta a chreimeadh. I dtréimhsí den sórt sin, ní hamháin gur rannpháirtí sa phróiseas daonlathach í an tsochaí shibhialta — is caomhnóir í ar athléimneacht an daonlathais.

Tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar thús cadhnaíochta le fada i gcosaint luachanna an daonlathais. Feidhmíonn siad ina n-idirghabhálaithe, ag tabhairt guthanna éagsúla chun boird, ag cur i gcoinne na mífhaisnéise, agus ag cothú díospóireachtaí poiblí eolacha. Cuireann siad ardán ar fáil dóibh siúd nach n-éistear lena nglór, agus iad ag tacú le beartais chuimsitheacha a nascann le chéile iad seachas caol na dinge a chur sa deighilt. Trí bhíthin na rannpháirtíochta sibhialta, sin agus plé bunaithe ar fhíricí, mar aon le tionscnaimh a chuireann an chaoinfhulaingt chun cinn, téann an tsochaí shibhialta i ngleic go gníomhach le fórsaí na deighilte.

Creideann CESE go diongbháilte gurb é neartú na rannpháirtíochta agus an idirphlé an t-aon bhealach le dul chun cinn. Sin rud a fheicimid inár gcuid oibre lá i ndiaidh lae — glacann ár gcuid comhaltaí, ag labhairt dóibh thar ceann na bhfostóirí, na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirt i ndíospóireachtaí láidre, ach is é is aidhm dóibh i gcónaí teacht ar chomhthuiscint. Ní neart go haontú le chéile, agus is é sin an tsamhail nach mór a leathnú ar fud na hEorpa.

Ní mór an tsochaí shibhialta a chumhachtú chun a ról iomlán a chomhlíonadh le haghaidh a thabhairt ar an deighilt. Is éard atá i gceist leis sin a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar chistiú, a gcumas oibriú gan bhac a chosaint, agus timpeallacht a chothú ina n-aithnítear agus ina dtugtar meas ar an méid a chuireann siad leis an saol daonlathach. Más trí chomhairliúcháin leis na saoránaigh é, trí thionscnaimh ón bpobal, nó trí uirlisí daonlathais dhioscúrsaigh, ní mór na sásraí

rannpháirtíochta a threisiú lena áirithiú go mbraitheann daoine go bhfuil siad san áireamh i bpróiseas na cinnteoireachta.

Tá todhchaí na hEorpa ag brath ar an dearcadh atá ag na saoránaigh go bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu, go bhfuil siad rannpháirteach agus go gcloistear a nglór. Ní aguisín leis an daonlathas í an tsochaí shibhialta – is í is cnámh droma dó. Agus sinn ag dul i ngleic le ré na deighilte, ní mór dúinn na huirlisí, an t-aitheantas agus an spás a thabhairt dó a theastaíonn uaidh chun leanúint de chosaint ár luachanna daonlathacha. Ach idirphlé a bheith á chothú, an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus cur i gcoinne an antoisceachais, is féidir leis an tsochaí shibhialta a bheith ina fórsa a thiontaíonn an deighilt ó fhoinse coinbhleachta ina spreagadh do dhíospóireacht chuiditheach agus don dul chun cinn sóisialta.

Bímis ag obair as lámha a chéile lena chinntiú nach rachaidh an deighilt ó smacht orainn san am atá romhainn. Ina leaba sin, bímis ag tógáil na hEorpa sa riocht go neartóidh an éagsúlacht tuairimí ár n-aontacht, ina ndéanfar muinín a atógáil leis an rannpháirtíocht, agus ina mbeidh an tsochaí shibhialta ar thús cadhnaíochta chun na bearnaí a dhúnadh.

**Oliver RÖPKE**

**Uachtarán CESE**

# DIARY DATES

3 Aibreán 2025

**Cáilíocht an tsaoil agus na hoibre i réigiún na mBalcán Thiar a fheabhsú trí bhíthin an Idirphlé Shóisialta, Tiorána (an Albáin)**

10 Aibreán 2025

**I dtreo plean gníomhaíochta AE maidir le galair neamhchoitianta, Vársá (an Pholainn)**

29-30 Aibreán 2025

**Seisiún iomlánach de chuid CESE**




# AOI A THARLA AN BEALACH

**Is é Nicolas Gros-Verheyde, iriseoir Francach, údar agus saineolaí ar an gcosaint agus ar an bpolaitíocht eachtrach, ár n-aoi inniu. Tugann sé míniú ar chúig thogra an phlean ReArm Europe, a chuir an Coimisiún Eorpach i láthair le déanaí chun cosaint na hEorpa a mhéadú i measc imní mhéadaitheach faoin ngealltanas ó na Stáit Aontaithe maidir leis an slándáil a chosaint san Eoraip.**

*Is iriseoir Francach é **Nicolas Gros-Verheyde** ó 1989. D'oibrigh sé do Ouest France, ARTE, LCI agus France Culture mar chomhfhreagraí ar ghnóthaí an Aontais agus ECAT. Tá clú, cáil agus meas air i ar fud na hEorpa mar gheall ar an eolas fairsing atá aige ar ghnóthaí Eorpacha agus ar an mbeartas eachtrach agus cosanta. Is stiúrthóir eagarthóireachta é ar B2, a bunaíodh in 2008 agus is é ar an eagraíocht meán is mó agus is cuimsithí maidir le cosaint agus taidhleoireacht na hEorpa. Is comhlachas neamhbhrabúsach a bhainistíonn an eagraíocht i bhfoirm comharchumainn iriseoirí, agus is trí shíntiúis a mhaoinítear í. https://club.bruxelles2.eu/*

*Agus na leabhair a leanas scríofa aige: 'Défense européenne à l'heure de la guerre en Ukraine', 'La politique européenne de sécurité et de défense commune'. 'Parce que l'Europe vaut bien une défense', 'Europe de la défense', agus é ina anailísí ar an nuacht pholaitiúil ar LN24, France-Info agus RTBF.*

---



COPYRIGHT: NICOLAS GROS-VERHEYDE

# AN PLEAN REARM EUROPE

**Le Nicolas Gros-Verheyde**

**Thíolaic Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen an plean ReArm Europe agus d'fhormhuinigh na 27 mBallstát é ag cruinniú mullaigh urghnách an 6 Márta. Tá cúig phríomhthogra ann; is cinnte go bhfuil siad suimiúil, ach is fiú tuilleadh plé a dhéanamh orthu freisin.**

Is é an chéad togra go mbeadh solúbthacht ann maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún clásal éalaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát caiteachas cosanta a mhéadú 1.5 % de OTI gan an baol a bheith ann go seolfaí nós imeachta um easnamh iomarcach. Cad é an coigilteas a mbeifí ag súil leis? Beagnach EUR 650 billiún thar thréimhse ceithre bliana. Ní mór

don Eoraip 'cur go mór lena caiteachas cosanta', a dúirt Ursula von der Leyen.

Is ionstraim nua iasachtaithe cosanta é an dara togra.

B’fhiú EUR 150 billiún an ionstraim sin, arna maoiniú trí iasachtaí ó bhuiséad an Aontais faoi chóras atá cosúil le cúnamh macrairgeadais. Tá sé beartaithe í a úsáid i réimsí tosaíochta ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha: an chosaint frithdhiúracáin (Tionscnamh Eorpach um Chosaint Aerspáis de bhunadh na Gearmáine), córais airtléire, diúracáin agus armlón, ladrainn agus córais frith-ladrainn, cumasóirí straitéiseacha, cosaint an bhonneagair chriticiúil (lena n-áirítear i ndáil leis an spás amuigh), an tsoghluaisteacht mhíleata, an chibearshlándáil, an intleacht shaorga agus an chogaíocht leictreonach.

Chun dlús a chur leis an bpróiseas, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leas a bhaint as Airteagal 122 den Chonradh: leis an Airteagal seo, a úsáidtear in imthosca eisceachtúla, ní cheanglaítear ach comhaontú na mBallstát laistigh de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus Parlaimint na hEorpa á cur ar an eolas. Is teacht timpeall ar an bpróiseas daonlathach é sin a bhféadfaí easaontú leis. Formhuiníodh an plean maidir le cosaint na hEorpa a neartú ag Cruinniú Mullaigh Versailles in 2022 – trí bliana ó shin! Is doiligh a fheiceáil go bhfuil údar leis an ‘práinn’ seo.

Is é an tríú togra tarraingt as cistí réigiúnacha.

Sa ghearrthéarma, maíonn an Coimisiún gur féidir leis an Aontas Eorpach leas níos fearr a bhaint as buiséad an Aontais trí chistí a athdháileadh ó cheannteidil bhuiséid áirithe. Molann sé go dtabharfaí rogha do na Ballstáit cláir an bheartais comhtháthaithe a úsáid chun an caiteachas cosanta a mhéadú, agus tá sé ag iarraidh an próiseas a éascú lena ndéantar aistrithe deonacha chuig cistí eile an Aontais a bhaineann leis an gcosaint.

Is ionann sin agus ciorrú mór ar an bplean buiséadach ilbhliantúil reatha (2021-2027). Ní mór dúinn an cheist seo a leanas a chur orainn féin: ar cheart dúinn an comhtháthú sóisialta nó réigiúnach a ghéilleadh ar mhaithe leis an gcosaint? Ní mór an cheist seo a phlé.

San am céanna, d’fhéadfaí leas níos mó a bhaint as Ardán STEP le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha trína leathnú chuig na teicneolaíochtaí uile in earnáil na cosanta. Mar rogha eile, dar leis an gCoimisiún, d’fhéadfaí na srianta atá ann cheana, ar nós rialacha iomaíochta nó rialacha réamh-mhaoinithe nó rialacha cómhaoinithe, a mhaolú.

Baineann an ceathrú togra le hiasachtaí BEI.

Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus a chuid scairshealbhóirí (na Ballstáit) in iúl arís agus arís eile go bhfuil siad i gcoinne aon bheart eile a dhéanamh chun iasachtaí a thabhairt don earnáil mhíleata amháin, ós fearr leo an earnáil dhéach. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag éileamh go n-athrófaí beartas BEI.

Is é an cúigiú togra caipiteal príobháideach a shlógadh.

Is é an aidhm atá ann an rochtain is fearr is féidir a thabhairt ar chaipiteal agus ar mhaoiniú do chuideachtaí cosanta – fadhb choitianta sa tionscal sin. Ba cheart an smaoineamh sin a chur san áireamh sa teachtaireacht maidir le ‘hAontas Coigiltis agus Infheistíochta’.

## CROÍ AN SCÉIL

**Tá cur síos déanta ag Marcin Nowacki, comhalta de CESE agus rapóirtéir na tuairime Maoiniú na cosanta san Aontas Eorpach, ar mholtaí CESE maidir le conas slándáil an Aontais a neartú. Ós amhlaidh atá ag méadú ar a bhfuil de bhagairtí slándála ann agus ár gcomhghuaillíochtaí ina ngaineamh beo anois, tá CESE ag iarraidh ar an Aontas sásra cosanta aontaithe láidir a chur i bhfeidhm. Ní féidir don Eoraip feasta oiread céanna muiníne a chur i soláthraithe arm lasmuigh den Aontas Eorpach, faoi mar atá déanta aici go nuige seo. Rud eile de, ní leor tuilleadh airgid a chaitheamh, óir is fearr leas a bhaint as an mbuiséad atá againn ar shlí eagnaí agus éifeachtúil.**

---




## COSAINT NA HEORPA: NÍ MÓR AN CAITEACHAS A DHÉANAMH AR SHLÍ EAGNAÍ AGUS ÉIFEACHTÚIL

**Le Marcin Nowacki**

**Agus an Eoraip ag dul i ngleic le timpeallacht gheopholaitiúil atá ag síorathrú, tagann an phríomhcheist seo a leanas chun cinn: conas is féidir leis an Aontas Eorpach an tslándáil a chinntiú i ndomhan atá ag éirí níos éiginnte? Sa tuairim Maoiniú na cosanta san Aontas Eorpach, cuireann CESE treochlár cuimsitheach i láthair chun slándáil na hEorpa a neartú agus chun ullmhú do na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann san am atá romhainn.**

Tagann an tuairim seo chun cinn tráth a bhfuil méadú ag teacht ar bhagairtí slándála. Is é atá i gcroílár sheasamh CESE éileamh go mbeidh sásra maoiniúcháin cosanta ann ar leibheál an Aontais a bheidh aontaithe agus láidir. Ní leor na struchtúir chistiúcháin atá ann faoi láthair, agus is gá athrú a dhéanamh. Mura nglacfar cur chuige níos comhordaithe maidir le maoiniú na cosanta, tá baol ann go dtitfidh an tAontas ar gcúl maidir lena leasanna a chosaint. I measc na n-ábhair imní a luaitear sa tuairim, cuirtear in iúl go ndeachaigh 78 % den EUR 75 bhilliún a chaith tíortha an Aontais ar sholáthar trealaimh cosanta chuig soláthraithe nach soláthraithe de chuid an Aontais iad, rud a shonraítear sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le *Todhchaí Iomaíochas na hEorpa*. Ní féidir neamhaird a dhéanamh den spleáchas méadaitheach sin ar sholáthraithe seachtracha.

Ní leor tuilleadh airgid a chaitheamh, óir is fearr leas a bhaint as an mbuiséad atá againn ar shlí eagnaí agus éifeachtúil. Molann CESE an comhordú idir an tAontas agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) a neartú, maoiniú a mhéadú do thionscnaimh amhail an Ciste Eorpach Cosanta agus an tSaoráid Eorpach Síochána, agus díriú ar éadálacha comhpháirteacha chun acmhainní a chuíchóiriú agus chun costais

a laghdú. Thairis sin, tá CESE ag iarraidh ar bhaill Eorpacha de ECAT 2.5 % ar a laghad dá OTI a ghealladh don chosaint, céim a neartódh freagairt na hEorpa ar bhagairtí geopholaitiúla atá ann faoi láthair. A bhuí leis an sprioc chaiteachais níos airde sin, cinnteofar go rannchuideoidh comhaltaí ECAT de chuid an Aontais ar bhealach níos éifeachtaí leis an gcomhshlándáil, agus ceannasacht iomlán ar a bhfórsaí armtha á coimeád acu ag an am céanna.

Ina theannta sin, tá tionscnaimh amhail an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP) agus an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) ríthábhachtach chun cumais chosanta an Aontais a neartú. A bhuí leis na hiarrachtaí seo féadfaidh an Eoraip acmhainní a chomhthiomsú go héifeachtach, rud a chinnteoidh an ullmhacht mhíleata agus shibhialta.

Is ríthábhachtaí ná riamh é an dul chun cinn teicneolaíoch, lena n-áirítear an intleacht shaorga, ladrainn agus an chibearshlándáil, a mhéid a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta. Cuireann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sna réimsí sin chun fanacht chun tosaigh ar bhagairtí atá le teacht. Tá ríthábhacht ag baint leis an gcomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach chun an nuálaíocht a spreagadh, go háirithe maidir leis an intleacht shaorga , na ladrainn agus córais chibearshlándála.

Iarrtar sa tuairim freisin go mbeadh éiceachóras tionsclaíoch cosanta Eorpach athléimneach ann, lena spreagfar comhar níos láidre idir na fiontair, na FBManna agus na rialtais. Tríd an nuálaíocht a chothú agus trína áirithiú go leanfaidh an Eoraip de bheith iomaíoch, laghdófar an spleáchas ar sholáthróirí seachtracha, rud a thógfaidh tionscal cosanta a bheidh níos neamhspleáiche.

Ina theannta sin, níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar na tionscnaimh réigiúnacha atá ann laistigh den Aontas. Trí chomhar réigiúnach a neartú, cuideofar le straitéisí cosanta a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha slándála a bhíonn roimh na Ballstáit éagsúla. Cinntíonn an cur chuige sin go dtugtar aghaidh ar ábhair imní réigiúnacha laistigh de chreat leathan an Aontais.

Ní leis an tslándáil amháin a bhaineann neartú chumais an Aontais i réimse na cosanta ach le luachanna an Aontais a chaomhnú. Tríd an treochlár a leagtar amach sa tuairim a leanúint, creidimid gur féidir leis an Aontas a bheith slán i bhfad na haimsire agus gur féidir an tsíocháin agus na leasanna eacnamaíocha atá aige a chur ó bhaol.




## CEIST AMHÁIN AR...

**Chuireamar ceist ar Javier Garat Pérez, rapóirtéir na tuairime *Moltaí na sochaí sibhialta maidir le Comhshocrú Eorpach um na hAigéin* ó CESE, faoi na príomh-mholtaí atá déanta ag CESE maidir leis an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach ina leagtar amach an fhís chuimsitheach do na beartais uile a bhaineann leis na haigéin. Cén ghníomhaíocht shonrach atá le déanamh chun na haigéin a chosaint ar léirscrios agus ar thruailliú, agus chun a mbithéagsúlacht a chaomhnú? Cad iad na bagairtí is mó ar fholláine na n-aigéan agus cad iad na réitigh a mholann an Coiste?**




## FÍS CESE MAIDIR LEIS AN GCOMHSHOCRÚ EORPACH UM NA HAIGÉIN – TREOIRPHLEAN DON IOMAÍOCHAS, DON ATHLÉIMNEACHT AGUS DON RATHÚNAS

**Le Javier Garat Pérez**

Mar fhreagairt ar thionscnamh an Uachtaráin, Ursula von der Leyen, maidir leis an gComhshocrú Eorpach um na hAigéin, chuir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa príomh-mholtaí ar aghaidh chun cur chuige cuimsitheach cothrom i dtaca le rialachas na n-aigéan a chur chun cinn. San fhís atá aige, dírítear ar aigéin shláintiúla tháirgiúla a chinntiú, borradh a chur faoi gheilleagar gorm an Aontais, taighde agus nuálaíocht mhuirí a neartú, agus éiceachórais mhuirí a chosaint do na glúnta atá le teacht.

**Leas a bhaint as an ngeilleagair goirm**

Leagan CESE béim ar a thábhachtaí atá sé geilleagar gorm atá láidir agus iomaíoch a fhorbairt. Is éard atá i gceist leis sin creataí rialála a shimpliú, uathriail straitéiseach a áirithiú, an nuálaíocht a chur chun cinn agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an dícharbónaithe.

Chun todhchaí rathúil a chinntiú don tionscal muirí, molaimid go ndéanfaí infheistíocht phráinneach i ríomhbhreoslaí, i bhfuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus i dteicneolaíochtaí nuálacha muirí. Ina theannta sin, trí bhraisle láidir mhuirí a bhunú a mbeidh cuspóirí soiléire inbhuanaitheachta ag gabháil léi, cuideofar le ceannaireacht na hEorpa i dtionscail mhuirí a choinneáil. Sin an fáth a bhfuil sé an-tábhachtach 'Comhghuaillíocht Thionsclaíoch do Shlabhraí Luacha an Gheilleagair Ghoirm' a chur ar bun agus Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh a neartú.

Ar a bharr sin, molaimid gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar bheartais atá ann cheana amhail an Comhbheartas Iascaigh. Ba cheart tacaíocht leanúnach a thabhairt don iascaireacht inbhuanaithe agus an spleáchas ar bhia mara a laghdú. Ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na gcaighdeán sóisialta agus comhshaoil céanna. Chomh maith leis sin, tathantaíonn CESE ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta de chuid an Aontais maidir le 'bia gorm' a fhorbairt faoi 2026.

**Eolas, taighde agus nuálaíocht i ngothaí muirí a fheabhsú**

Tá cistiúchán breise sa taighde agus nuálaíocht muirí á éileamh ag CESE, agus béim á leagan aige ar an ngá atá le comhar eolaíoch domhanda agus teicneolaíocht níos fearr san earnáil mhuirí. Chun an méid sin a bhaint amach, molaimid moil don gheilleagair gorm a bhunú agus faireachlann aigéin an Aontais a sheoladh.

**Borradh a chur faoin infheistíocht agus faoin maoiniú le haghaidh inbhuanaitheacht na n-aigéan**

Tá béim á leagan againn ar an ngá atá le cistiú suntasach poiblí agus príobháideach a shlógadh chun tacú le SDG 14 (Beatha faoin uisce). Chuige sin, ba cheart línte buiséid tiomnaithe le haghaidh tionscadail a bhaineann leis na haigéin a chruthú laistigh de chláir chistiúcháin an Aontais amhail Horizon Europe. Ba cheart tacaíocht airgeadais níos láidre a thabhairt don Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) freisin chun tacú le hearnálacha iomaíocha agus dícharbónaithe.

**Aistriú cóir atá cuimsitheach go sóisialta**

Chun gur féidir geilleagar athléimneach aigéin a bheith ann, ní mór a áirithiú go gcaitear go cothrom le hoibrithe muirí. Tá bearta á moladh ag CESE chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, athnuachan ó ghlúin go glúin a spreagadh, agus deiseanna athscilithe a chur ar fáil. Ba cheart córais chuimsitheacha tacaíochta sóisialta a bheith i bhfeidhm chun oibrithe a chosaint, go háirithe iad siúd nach féidir leo aistriú chuig róil nua mar gheall ar athruithe teicneolaíochta.

**Aigéin shláintiúla athléimneacha a chinntiú**

Tá ár n-aigéin i mbaol de dheasca an athraithe aeráide, truaillithe, plaisteach agus brúnna daonna. Dá bhrí sin, ba cheart iarrachtaí níos láidre a dhéanamh maidir le hathchóiriú agus cosaint na n-aigéan agus caomhnú inbhuanaithe atá ag teacht le gealltanais dhomhanda bhithéagsúlachta a chinntiú. Tá sé ríthábhachtach freisin 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach ar mhaithe le cobhsaíocht eacnamaíoch agus athléimneacht aeráide. Chomh maith leis sin, ba cheart infheistíocht a dhéanamh go práinneach sa bhonneagar glas, i laghdú truaillithe agus i bPlean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus, ag an am céanna, ceannaireacht an Aontais i rialachas domhanda muirí a threisiú.

**Creat cuimsitheach um rialachas na n-aigéan a chinntiú**

Chun borradh a chur faoin rathúnas eacnamaíoch agus teorainneacha an phláinéid seo á n-urramú ag an am céanna, tá CESE ag iarraidh go mbeadh comhar réigiúnach ann le pobail áitiúla chun go mbeidh beartais ag luí le chéile i gcónaí. Éilíonn sé freisin comhaontuithe idirnáisiúnta níos fearr, taidhleoireacht aigéin níos láidre san Aontas, agus meithleacha tiomnaithe atá dírithe ar chúrsaí muirí laistigh d'institiúidí an Aontais.

Ar deireadh, molann CESE freisin feabhas a chur ar an bpleanáil spásúil mhuirí chun cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna éagsúla, amhail leathnú an fhuinnimh amach ón gcósta, nó an earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe. Is é an sprioc atá ann an chómhaireachtáil agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus an tráth céanna a chinntiú go gcaomhnófar pobail iascaireachta thraidisiúnta agus go mbeidh baint acu leis an bpróiseas cinnteoireachta.

# EESC NEWS



## Tá an tsochaí shibhialta i mbaol: an fáth nach mór don Aontas gníomhú anois

**Tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi ionsaí ar fud na hEorpa agus Mheiriceá. Ní mór don Aontas gníomhú anois chun na heagraíochtaí sin agus an daonlathas a chosaint. Ag an díospóireacht iomlánach a bhí aige ar Lá Idirnáisiúnta na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha, chuir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) teachtaireacht shoiléir in iúl: tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar thús cadhnaíochta i gcosaint an daonlathais. Agus ciorruithe cistiúcháin ag bagairt orthu, ní mór don Aontas gníomhú láithreach bonn chun iad a chosaint agus chun tacú leo.**

An 27 Feabhra, bhí díospóireacht ag CESE dar teideal *An tAontas Eorpach agus an tSochaí Shibhialta: an Daonlathas agus an Rannpháirtíocht a neartú*, lenar tugadh deis d’ionadaithe agus do shaineolaithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus d’Fheisirí Pharlaimint na hEorpa plé agus meastóireacht a dhéanamh ar ról na n-eagraíochtaí sin sa réimse ríthábhachtach seo.

Chuir **Raquel García Hermida-Van Der Walle**, Feisire ó Renew Europe, in iúl gur minic a rannchuidíonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta le srianta agus ceartúcháin. Cuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta modhanna éagsúla idirghníomhaíochta sóisialta ar fáil freisin, rud a d’fhéadfadh teacht in ionad seirbhísí rialtais a d’fhéadfadh a bheith in easnamh. Mar thoradh air sin, is iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta na chéad eagraíochtaí ar díríodh orthu, toisc gur féidir leo a bheith míchaoithiúil ó thaobh na polaitíochta de do roinnt rialtas.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag **Nicholas Aiossa**, Stiúrthóir Transparency International Europe: ‘Tá feachtas polaitiúil eagraithe ar bun i bParlaimint na hEorpa chun míchlú a tharraingt ar ról agus ar fheidhm

eagraíochtaí na sochaí sibhialta, iad a dhíchistiú agus cur isteach orthu. Níor aimsíodh aon fhianaise ar neamhrialtachtaí airgeadais.’

I mí Eanáir, chuir Páirtí an Phobail Eorpaigh (PPE) i bParlaimint na hEorpa, páirtí atá ar dheis ón lár, i leith eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus aeráide go raibh siad á maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach chun stocaireacht a dhéanamh ar an bParlaimint, ar institiúidí eile de chuid an aontais agus ar Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, rud a spreag racht feirge i measc eagraíochtaí sochaí sibhialta na hEorpa.

Ní rud nua é an cáineadh a dhéantar ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ach tá méadú tagtha ar na hionsaithe le déanaí mar gheall ar an mbréagnuacht agus ar an mífhaisnéis. Mar a dúirt **Brikena Xhomaqi**, comhchathaoirleach an Ghrúpa Idirchaidrimh in CESE, is oscailt súl atá ann d’eagraíochtaí uile na sochaí sibhialta gur gá dóibh seasamh le chéile agus athrú a dhéanamh. ‘Ba cheart na daoine a chur ar an eolas go mbraitheann an chuid is mó d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar obair dheonach. Níl airgead na gcáiníocóirí á chur amú againn.’

D’iarr na rannpháirtithe ar an gCoimisiún Eorpach freisin labhairt amach ar bhealach níos láidre faoin ábhar sin, agus mhol siad roinnt réiteach chun ról na n-eagraíochtaí sin a threisiú.

Dúirt **Raquel García Hermida-Van Der Walle** go n-iarrfadh sí go ndéanfaí ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta a aithint agus a neartú níos mó sa tuarascáil maidir leis an smacht reachta agus sa chóras coinníollachta mar choinníoll cumasúcháin.

Dúirt **Michał Wawrykiewicz**, Feisire ó PPE, gurbh é a mhisean feasacht a mhúscailt faoi na hábhair ríthábhachtacha seo laistigh dá ghrúpa. Pointe eile a tharraing sé anuas ná gur gá cinnteoirí a chur ar an eolas gur eagraíochtaí iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a fheidhmíonn ar an láthair agus a sholáthraíonn seirbhísí ríthábhachtacha a mbíonn tionchar díreach acu ar shaol na ndaoine.

D’fhormhuinigh Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, seasaimh ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus bhí an méid seo a leanas le rá aige: ‘Ní mór dúinn cur i gcoinne na n-iarrachtaí atá á ndéanamh chun na heagraíochtaí sin a dhídhlisteanú nó chun srian a chur ar an rochtain atá acu ar acmhainní atá riachtanach don rannpháirtíocht dhaonlathach. Mar gheall ar shrianta cistiúcháin agus brúnna polaitiúla atá ag dul i méid, is léir go dteastaíonn tacaíocht níos láidre agus níos intuartha ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun leanúint dá gcuid oibre ríthábhachtaí.’ (at)



## Ní beag na dúshláin atá romhainn, ach ní beag cumhacht na sochaí sibhialta ach oiread

**Bhí os cionn 800 rannpháirtí a ghlac páirt i Seachtain na Sochaí Sibhialta, ina measc sin rannpháirtithe ó eagraíochtaí saoránach agus páirtithe leasmhara éagsúla ó gach cearn den Eoraip, ó eagraíochtaí óige go heagraíochtaí neamhrialtasacha, iriseoirí agus tuilleadh eile nach iad. Chuir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an t-imeacht ar siúl an 17-20 Márta 2025. Bhí seisiún tosaigh an imeachta tiomanta don spás sibhialta a chosaint trí dhul i muinín an dlí. I rith an tseisiúin, athdhearbhaíodh an ról lárnach atá ag an tsochaí shibhialta: lucht na cumhachta a thabhairt chun cuntais, athmhuintearas a chothú, tacú le hathléimneacht shóisialta agus ardán a thabhairt dóibh siúd a ndéantar neamhaird orthu go rómhinic.**

Ba é téama eagrán 2025 de Sheachtain na Sochaí Sibhialta *An comhtháthú agus an rannpháirtíocht a threisiú sa tsochaí atá scoilte go mór*. Bhí trí mhórthionscnamh i gceist leis an tSeachtain i mbliana: Grúpaí Idirchaidrimh CESE, an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus Duais na Sochaí Sibhialta. Bhí sé d’aidhm ag an imeacht:

- aghaidh a thabhairt ar an scoilteadh méadaitheach a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais, ar an athrú aeráide agus ar na neamhionannais ioncaim atá ag dul in olcas;
- béim a leagan ar an ról lárnach a d’fhéadfadh a bheith ag an tsochaí shibhialta sa chomhthéacs sin;
- réitigh agus éilimh na sochaí sibhialta ar lucht ceaptha beartas an Aontais a bhailiú chun cuidiú leis an scoilteadh san Eoraip a réiteach tríd an gcomhtháthú sóisialta agus an rannpháirtíocht dhaonlathach i bpríomhréimsí don tsochaí a threisiú.

Ag tús an tseisiúin, thug Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, óráid inar chuir sé i bhfáth nach mór don tsochaí shibhialta a bheith inchurtha leis an dúshlán atá roimhe, ‘Ní hé gur idéil iad an rannpháirtíocht, an t-idirphlé agus an dlúthpháirtíocht agus sin a bhfuil. Is iad is bonn le hEoraip athléimneach aontaithe. Agus muid tagtha le chéile le haghaidh Sheachtain na Sochaí Sibhialta, athdhearbhaímid go bhfuilimid tiomanta don chuimsiú agus don tsaoránacht ghníomhach. Braitheann daonlathas láidir ní hamháin ar institiúidí, ach ar rannpháirtíocht a muintire uile leis.’

Thug **Albena Azmanova**, Ollamh le hEolaíocht Pholaitiúil agus Shóisialta in City Saint George’s, University of London, eochairaitheasc inar labhair sí faoin éiginnteacht eacnamaíoch atá ag dul i méid i gcás fhormhór na ndaoine. Chuaigh sí chomh fada le rá gur ‘eipidéim na héiginnteachta’ atá ann. Mhínigh sí cén fáth gurb í an tsochaí shibhialta is féidir an tsáinn a fhuascailt tráth a bhíonn éiginnteacht ollmhór ann.

‘Níl de thoil ag an gcuid is mó de dhaoine dul ag troid toisc iad a bheith thíos le héiginnteacht ollmhór airgeadais. Ach tá an toil sin ag an tsochaí shibhialta. Tá cuspóir ag gníomhaithe na sochaí sibhialta a spreagann chun gnímh iad: cur i gcoinne na héagóra. Is iad cosa agus airm infheicthe an daonlathais iad,’ arsa Azmanova.

Mar a dúirt **Younous Omarjee**, Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, 'Tá an tsochaí shibhialta ag teastáil uainn chun na saoránaigh a thabhairt le chéile, go háirithe na laethanta seo agus méadú ag teacht ar an indibhidiúlachas, agus chun cur i gcoinne na smaointe atá i bhfad amach ar an eite dheis atá ag scaipeadh.'

Tharraing **Adriana Porowska**, Aire Sochaí Sibhialta le hUachtaránacht na Polainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, aird ar an ról ríthábhachtach a bhí ag eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le hathléimneacht shóisialta a thógáil agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha agus iargúlta. Labhair sí freisin faoi shampla na sochaí sibhialta sa Pholainn, a bhfuil an athléimneacht náisiúnta á cinntiú aici sa tír.

Chuir **Brikena Xhomaqi**, comhchathaoirleach an Ghrúpa Idirchaidrimh in CESE le líonraí Eorpacha na sochaí sibhialta, i bhfios go láidir go gcothaítear aontacht san éagsúlacht ar leibhéal an phobail, is é sin mantra an Aontais agus tá sé bródúil as. Mar sin féin, luaigh Xhomaqi go bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha faoi ionsaí, agus go bhfuil amhras ann faoina maoiniú agus faoina ról. 'Gan acmhainní, ní féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta feidhmiú. Caithfidh na hinstitiúidí an tsochaí shibhialta a chosaint; teastaíonn cosaint dhlíthiúil uainn don spás sibhialta chun ár tsochaí a choinneáil le chéile agus aontaithe san éagsúlacht.'

---



## Slovak Debate Association wins EESC 15th Civil Society prize for combating harmful polarisation

**The EESC flagship Civil Society Prize highlights the outstanding contribution of civil society to maintaining and strengthening European identity and citizenship. Each year, the prize takes a different theme of pressing societal importance related to the work of the EESC.**

On 20 March, the European Economic and Social Committee (EESC) honoured three civil society organisations from Slovakia, Belgium and France, for their groundbreaking projects that tackle rising levels of harmful polarisation across the European Union.

The prize money of EUR 32 000 was shared among the three front-runners.

The EESC awarded the **top prize** of EUR 14 000 to the Slovak Debate Association for *The Critical Thinking Olympiad*, a pioneering initiative that builds resilience to misinformation among Slovak youth. The project runs a student competition across three age groups, in which students take on real-world media challenges and assess content for its trustworthiness.

The two runners-up each received EUR 9 000.

France's **Reporters d'Espoirs** placed **second** with their *Prix Européen Jeunes Reporters d'Espoirs*, a French-language training scheme for solutions journalism.

The **third prize** went to **FEC Diversité asbl** in Belgium for their project "ESCAPE GAME EXTREME DROITE pour se désintoxiquer", an immersive game that counters far-right ideologies.

**About the 15th EESC Civil Society Prize**

The 15th EESC Civil Society Prize highlighted non-profit projects led by individuals, private companies and civil society organisations that helped combat harmful polarisation across the European Union.

In recent years, Europe has been struck by multiple crises, from Russia's war of aggression in Ukraine, rising energy prices and costs of living, and the continued economic and social aftermath from the COVID-19 pandemic. Such crises can erode trust in public institutions, and breed harmful polarisation throughout society.

While polarisation can be part of an open, pluralistic society, rising populism and negative polarisation represent significant challenges for European democracies. Europe also faces a continued fracturing of the traditional media landscape, rising misinformation and attacks on media freedom, all of which pose further threats to democratic values.

This year's winners were selected from a strong and diverse range of over 50 entries from 15 Member States. The winning projects were chosen for their extraordinary creativity, enthusiasm and dedication in combating harmful polarisation in European society.

'Organised civil society plays a fundamental role in safeguarding European democracy, as has been proven yet again by this year's remarkable and wide-ranging projects' said EESC Vice-President for Communication **Aurel Laurenţiu Plosceanu**.

---



## Todhchaí gheopholaitiúil an Aontais Eorpaigh a shainmhíniú i ndiaidh trí bliana de chogadh na Rúise ar an Úcráin

**Trí bliana ó shin, rinne arm na Rúise fogha gan chúis ar an Úcráin. Ní hamháin gur ionsaí ar náisiún ceannasach a bhí ann, ach ionsaí ar bhunluachanna an daonlathais, ar dhínit an duine agus ar an ord idirnáisiúnta agus ar na rialacha is bunús leis an ord sin. Seasaimidne i ndlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine, arsa Uachtarán CESE, Oliver Röpke, i ráiteas a eisíodh ag seisiún iomlánach CESE i mí Feabhra.**

Ón gcéad lá den ionradh seo anall, táimidne ag seasamh leis an Úcráin – ní hamháin go siombalach, ach le gníomhaíocht iarbhír. Dearbhaímid arís inniu ár dtiomantas buanseasmhach do cheannasacht, do dhaonlathas agus do thodhchaí na hÚcráine. Iarraimid ar an Aontas an tacaíocht pholaitiúil, eacnamaíoch, dhaonnúil agus mhíleata a chothú agus a neartú.

Tá misneach agus athléimneacht thar na bearta léirithe ag muintir na hÚcráine leis an tír a chosaint agus leis na prionsabail a nascann le chéile sinn mar Eorpaigh a chosaint chomh maith céanna. Ón gcéad lá den ionradh seo anall, táimidne ag seasamh leis an Úcráin – ní hamháin go siombalach, ach le gníomhaíocht iarbhír. Tá comhaltaí CESE agus sochaí shibhialta na hEorpa ag seasamh leis an Úcráin chomh maith céanna.

Tá an éiginnteacht gheopholaitiúil ag dul i méid, agus is mór an chúis imní dá réir na ráitis a rinne toscairí na Stát Aontaithe le déanaí, ráitis inar ceistíodh tiomantas cosanta ccoiteann ECAT. Ní haon tráth réchúise don Eoraip é.

Ní hamháin go bhfuil an Úcráin ag troid go misniúil ionas nach bhfáiscfear bradán na beatha aistí, ach is ar son shlándáil mhór-roinn na hEorpa ar fad atá sí ag seasamh an fhóid.

Tá CESE ag tathant ar cheannairí an Aontais an deis seo a thapú chun acmhainní slándála agus cosanta na hEorpa a neartú, chun an neamhspleáchas straitéiseach a ath-shainmhíniú, chun an t-iltaobhachas a chosaint agus chun an comhar leis na Náisiúin Aontaithe a dhoimhniú, sin agus comhpháirtíochtaí domhanda níos láidre a chruthú le comhghuaillithe daonlathacha lasmuigh den Eoraip.

Ní mór don Eoraip gníomhú láithreach bonn.

Ní haon tráth faillí é. Is maith a thagann t-uathlath agus an t-ionsaitheoir i dtír ar an easpa práinne.

Ní mór do na tíortha daonlathacha a bheith aontaithe agus ní mór dóibh a bheith daingean dá réir.

Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas an neamhspleáchas straitéiseach a threisiú, an daonlathas agus cearta bunúsacha araon a chosaint, agus seasamh go diongbháilte leis an Úcráin. Is mithid don Aontas gníomhaíocht gheopholaitiúil a dhéanamh go straitéiseach feasta.

Féach leat an bróisiúranseo. (at)

---




## Tosaíocht Uachtaránacht na Polainne ar an Aontas: slándáil na hEorpa a neartú agus an Eoraip a choinneáil aontaithe

**An príomhchúram atá ar Uachtaránacht reatha na Polainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ná an Eoraip a choinneáil aontaithe, í a bhrú chun tosaigh agus cinntí a ghlacadh gan mhoill**

Ag seisiún iomlánach mhí Feabhra, reáchtáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) díospóireacht faoi thosaíochtaí Uachtaránacht na Polainne ar an Aontas, ceann ar ghlac **Magdalena Sobkowiak-Czarnecka** Fo-Rúnaí Stáit na Polainne do Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh páirt ann.

Ag tagairt do shlándáil sheachtrach an Aontais di, go háirithe don chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, dúirt an Fo-Rúnaí Sobkowiak-Czarnecka gurb í an sprioc atá ann leanúint den chúnamh don Úcráin agus aontacht inmheánach an Aontais a chaomhnú. Luaigh sí an 16ú pacáiste smachtbhannaí ar an Rúis mar cheann de na chéad éachtaí atá bainte amach ag Uachtaránacht na Polainne.


Labhair Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, agus chuir i bhfáth go raibh cúram Uachtaránacht rothlach an Aontais á ghlacadh ag an bPolainn tráth a bhfuil dúshláin mhóra ar gach taobh den Eoraip, lena n-áirítear teannas geopholaitiúil agus géarchéimeanna fuinnimh.

Dúirt sé gur dearbhaíodh an athuair leis an díospóireacht sin a thábhachtaí atá an chobhsaíocht, an athléimneacht agus an aontacht maidir le todhchaí an Aontais Eorpaigh a mhúnlú. Tá tosaíochtaí Uachtaránacht na Polainne ag teacht go dlúth le spriocanna comhchoiteanna na hEorpa, dar leis an Uasal Röpke, go háirithe maidir le cur chuige ilghnéitheach a chothú i leith na slándála. Dúirt sé gur tábhachtaí ná riamh, agus an éiginnteacht go mór i réim ar an leibhéal idirnáisiúnta, bearta a dhéanamh ar bhonn cinntitheach comhoibritheach.

'An tslándáil' agus 'an Eoraip' ina bhfocail faire aici, díreoidh Uachtaránacht na Polainne ar sheacht ngné den tslándáil, mar atá, an ghné sheachtrach, inmheánach agus eacnamaíoch, mar aon le gné an bhia, an fhuinnimh, na sláinte agus na faisnéise.

Le míonna beaga anuas, tá comhar tréan tairbheach ar bun idir CESE agus Uachtaránacht na Polainne. Tá 15 thústuairim tarraingthe suas ag CESE, cuid acu a glacadh cheana féin, an chuid eile acu le glacadh go luath. (mp)

---


Copyright: NATO

## Tá an infheistíocht mhisniúil agus comhar ECAT ríthábhachtach chun borradh a chur faoi chosaint na hEorpa

**Agus méadú ag teacht ar líon na mbagairtí slándála, tá géarghá ag an Eoraip le straitéis aontaithe cistiúcháin cosanta. Mar fhreagairt ar iarraidh ó Uachtaránacht inteachta na Polainne ar an Aontas Eorpach, ghlac CESE tuairim ina n-éilítear gníomhaíocht mhisniúil: infheistíocht bhreise i gcórais nua-aimseartha, comhar níos doimhne le ECAT, agus cistiú níos mó laistigh de chreat airgeadais an Aontais.**

Na rioscaí slándála atá roimh an Eoraip, tá siad ag dul i méid, rud a léiríonn a spleáchas ar sholáthraithe seachtracha i réimse na cosanta. 78 % den EUR 75 bhilliún a chaith tíortha an Aontais ar sholáthar trealaimh cosanta thar thréimhse bliana amháin, cuir i gcás, chuaigh sé chuig soláthraithe nach soláthraithe de chuid an Aontais iad. Is mórthábhachtach bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (BTTCE) a neartú chun an spleáchas sin a laghdú.

‘Ní mór athrú ó bhonn a dhéanamh ar shásraí cistiúcháin cosanta an Aontais chun dul i ngleic leis na dúshláin chomhaimseartha,’ a dúirt **Marcin Nowacki**, rapóirtéir don tuairim ó CESE *Maoiniú na cosanta san Aontas Eorpach*. Leis na rialacha buiséadacha atá ann cheana, cuirtear teorainn leis an gcaiteachas míleata, agus cé gur céim chun tosaigh iad tionscnaimh amhail an Ciste Eorpach Cosanta agus an tSaoráid Eorpach Síochána, ní leor iad fós chun aghaidh a thabhairt ar scála na mbagairtí atá ann faoi láthair.’

Is ríthábhachtach comhar ECAT le go mbeidh idir-inoibritheacht agus straitéis aontaithe ann. Leis an soláthar comhpháirteach, na comhpháirtíochtaí i réimsí na cibearshlándála agus na slándála spáis, agus tionscadal satailíte IRIS2, cuirfear feabhas ar an athléimneacht. Ní mór cistiú na cosanta a ailíniú le tosaíochtaí níos leithne de chuid an Aontais gan cur isteach ar spriocanna sóisialta ná comhshaoil. Is nithe ríthábhachtacha iad an infheistíocht straitéiseach, an nuálaíocht agus an phleanáil fhadtéarmach chun slándáil agus neamhspleáchas na hEorpa a chinntiú. (tk)

---




## Focail a chur i ngníomh: Leagann CESE tosaíochtaí síos chun an neamhionannas inscne agus foréigean in aghaidh na mban a chomhrac

**Thionóil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) Fóram Ardleibhéil maidir le Cearta na mBan, inar tugadh le chéile guthanna ceannródaíocha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha a bhaineann le cearta na mban agus inar leagadh amach príomhthosaíochtaí roimh an seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan atá ar na bacáin.**

Ba léir an teachtaireacht a bhí mar thoradh ar Fhóram Ardleibhéil CESE maidir le Cearta na mBan: Tá dul chun cinn déanta, ach ní leor sin. Cé go bhfuil bearta déanta ag an Aontas chun mná agus cailíní a chosaint, tá cineálacha struchtúracha neamhionannais, steiréitíopaí inscne agus frithfhreagairtí i gcoinne chearta na mban fós ina mbagairt ar an méid a d’éirigh leis an Eoraip a bhaint amach. Fad a bheidh bacainní struchtúracha fós ann, beidh rannpháirtíocht iomlán na mban sa tsochaí teoranta.

Ag an bhfóram ardleibhéil, a tionóladh an 26 Feabhra le linn sheisiún iomlánach CESE, tugadh le chéile cathaoirleach an Ghrúpa ad hoc um Chomhionannas in CESE, **Sif Holst**, Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, agus an Coimisinéir um Chomhionannas, agus um Ullmhacht agus Bainistíocht Ghéarchéime, **Hadja Lahbib**, chomh maith le **Carlien Scheele** (Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne), **Florence Raes** (Stiúrthóir Oifig Ban na Náisiún Aontaithe sa Bhruiséil), **Ayşe Yürekli** (Ionadaí AE ag KAGIDER — Fiontraithe Ban na Tuirce), **Mary Collins** (Ard-Rúnaí Bhrústocaireacht na mBan san Eoraip) agus **Cianán Russell** (Oifigeach Sinsearach Beartais in ILGA Europe).

Bhí dhá phainéal dhinimiciúla mar chuid den fhóram a thug aghaidh ar dhúshláin phráinneacha maidir le comhionannas inscne, gach ceann acu ceangailte le príomhthuairimí CESE a glacadh le linn an tseisiúin.

Tháinig saineolaithe, abhcóidí agus lucht ceapadh beartas le chéile chun léargais a roinnt, réitigh a mholadh agus gealltanais a threisiú maidir le cearta na mban a chur chun cinn san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Dhírigh an chéad phainéal ar an 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan (UNCSW69) atá ar na bacáin agus dhírigh an dara painéal ar fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní mar shaincheist a bhaineann le cearta an duine. Glacadh dhá thuairim ghaolmhara sa suí iomlánach freisin a bhí ar siúl tar éis an fhóraim: Ionchur CESE i dtosaíochtaí an Aontais ag an 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan agus An foréigean in aghaidh na mban, saincheist a bhaineann le cearta an duine. (lm)

---



## Athdhearbhú ó CESE agus ó AU ECOSOCC go bhfuil siad tiomanta don chomhionannas inscne ag an 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan

**Ag an 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan (CSW69) i Nua-Eabhrac, d’athdhearbhaigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Comhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha an Aontais Afracaigh (AU ECOSOCC) a dtiomantas buanseasmhach don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban a chur chun cinn.**

Agus é cothrom le 30 bliain ónar glacadh Dearbhú Bhéising agus an Clár Oibre Gníomhaíochta, aithníonn CESE agus AU ECOSOCC an dul chun cinn atá déanta agus na dúshláin leanúnacha atá fós ann agus iad ag cur bac ar an gcomhionannas iomlán inscne.

Leagtar béim sa dara dearbhú comhpháirteach uathu ar phríomhthosaíochtaí, lena n-áirítear ceannaireacht na mban a mhéadú trí chuótaí inscne, deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe trí choinbhinsiúin idirnáisiúnta, an deighilt dhigiteach inscne a dhúnadh, agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn.

Moltar sa dearbhú go dtabharfaí beartais níos láidre isteach maidir le hobair chúraim gan íocaíocht, cuimsiú na mban in iarrachtaí síochána, agus ceapadh beartas sonraíbhunaithe. Leagtar béim ann freisin ar an gcomhar domhanda chun deireadh a chur le neamhionannais shistéamacha agus chun cearta na mban a chaomhnú. Iarrann CESE ar an Aontas freisin an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, paireacht inscne a áirithiú, agus ról na sochaí sibhialta a chosaint maidir le comhionannas a chur chun cinn.

Bhí an méid a leanas le rá ag Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**: Agus 30 bliain ónar glacadh Dearbhú Bhéising, ní mór dúinn beart a dhéanamh den mhéid cainte a rinne muid. Ní pribhléid atá i gceist leis an gcomhionannas inscne ach is ceart bunúsach é, agus tá sé ríthábhachtach go mbainfimid amach é le haghaidh sochaithe inbhuanaithe cuimsitheacha. Seasann CESE go daingean leis an ngealltanas a thug sé

chun bacainní a shárú, rannpháirtíocht iomlán na mban sa chinnteoireacht a áirithiú agus cumhachtú eacnamaíoch a chothú. Is mithid anois do na rialtais, do na hinstitiúidí agus don tsochaí shibhialta gníomhú go cinntitheach, ní bheidh aon chomhionannas ann gan cuntasacht ina leith.

Is é an Coimisiún um Stádas na mBan an príomhchomhlacht idirnáisiúnta agus idir-rialtasach atá ag troid ar son an chomhionannais inscne. Ba é sin an dara huair a ghlac CESE páirt sa chruinniú bliantúil is mó de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le cumhachtú na mban. (tk)

---



## Tá géarghá le straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht

**Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ag tathant ar an Aontas Eorpach straitéis láidir a chur chun feidhme maidir leis an tionsclaíocht. D'fhágfadh an straitéis sin go bhféadfaí cur leis an iomaíochas, poist ardcháilíochta a chruthú agus bheadh sí i gcomhréir leis an gComhaontú Glas. Chun go n-éireoidh leis an straitéis, ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh uirthi agus í a chur in oiriúint do na dúshláin atá ag teacht chun cinn.**

'Tá baol mór ann go dtarlóidh díthionsclú ar fud na hEorpa. Ní mór don tionsclaíocht agus don ghníomhaíocht aeráide a bheith fite fuaite ina chéile,' arsa **Andrea Mone**, rapóirtéir na tuairime *Todhchaí na tionsclaíochta san Aontas Eorpach i bhfianaise na bpraghsanna arda fuinnimh agus na gcostas ard aistrithe atá ann* a glacadh ag an seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí Feabhra.

Sa tuairim sin, leag CESE béim ar an tábhacht atá le creat láidir eacnamaíoch agus rialála chun go bhféadfar dul i ngleic leis an gcostas ard ar fhuinneamh agus ar amhábhar, leis na dúshláin a bhaineann leis an infheistíocht san aistriú glas, leis na bearnaí sa bhonneagar, le ganntanas scileanna agus leis an éileamh lag laistigh den Aontas. Tá an-tábhacht le beartas iomaíochais atá dírithe ar an infheistíocht agus ar an nuálaíocht le go bhféadfar an comhtháthú sóisialta agus críochach a chur chun cinn.

Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí beart go práinneach toisc an mhéadaithe ar na hábhair imní atá ann maidir le slándáil eacnamaíoch na hEorpa agus a spleáiche atá an Eoraip ar thríú tíortha.  Sa tréimhse seo ina bhfuil méadú ar an éiginnteacht gheopholaitiúil agus trádála, tá gá le beartas trádála Eorpach athléimneach chun an inbhuanaitheacht thionsclaíoch a chosaint tráth atá spriocanna éagothroma ann maidir le dícharbónú, ró-acmhainneacht ann ar an leibhéal domhanda agus méadú ar an teannas trádála. Le go bhféadar an sprioc sin a bhaint amach, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an Eoraip níos neamhspleáiche maidir le hamhábhair chriticiúla a fháil.

Tá an-tábhacht leis an infheistíocht bhreise, rud a tugadh le fios i dtuarascáil Draghi, agus le hathchóirithe ar an rialachas. Fágfaidh margadh aonair aontaithe, go háirithe i réimse an fhuinnimh, go neartófar geilleagar an Aontais. Trí na hualaí rialála a laghdú, creataí an mhargaidh leictreachais a bheachtú agus feabhas a chur ar na hionstraimí airgeadais ar nós comhaontuithe ceannaigh cumhachta, tacófar leis an gclaochlú in earnáil

na tionsclaíochta.

Le go bhféadfar an t-aistriú cóir a bhaint amach, tá gá le hidirphlé sóisialta láidir agus le cómhargáil. Ní mór don bheartas tionsclaíoch a bheith i gcomhréir leis na straitéisí maidir le hoideachas agus an lucht saothair, agus béim á leagan ann ar an taighde, ar an nuálaíocht agus ar fhorbairt scileanna. Cuideoidh an infheistíocht sa bhonneagar fuinnimh, san fhuinneamh in-athnuaite agus i dtionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh leis na spriocanna aeráide a bhaint amach.

Ina theannta sin, ghlac CESE tuairim fhorlíontach *Todhchaí na dtionscal dianfhuinnimh san Aontas* ina moltar réitigh shaincheaptha chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na dtionscal sin a chinntiú. Tá todhchaí thionsclaíoch an Aontais ag brath air go dtabharfaidh an tAontas aghaidh ar na dúshláin ar leith atá le sárú ag na tionscail sin. (ll)

---



## Rialacha cothroma simplí ag teastáil ón Aontas má tá sé le bheith san iomaíocht i gcónaí

**Don té ar mian leis a ghnó a fhorbairt thar theorainneacha san Aontas, beidh air aghaidh a thabhairt ar an iliomad rialacha CBL a thagann salach ar a chéile agus carn mór páipéarachais, rudaí a chuireann leis na costais. Bíonn ar na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) dul i ngleic le hualach díréireach comhlíontachta, rud a fhágann gur deacra dóibh forbairt a dhéanamh agus dul san iomaíocht. Tá athchóirithe práinneacha á n-éileamh ag CESE in dhá thuairim a glacadh i seisiún iomlánach mhí Feabhra, i bhfianaise Thuarascálacha Letta agus Draghi. I measc na moltaí a rinneadh, tá rialacháin airgeadais chomhchuibhithe, tuairisciú faoi thiomáint na hIntleachta Saorga agus beartas tionsclaíoch comhordaithe.**

'Cnámh droma rathúnas eacnamaíoch na hEorpa é an margadh aonair ach, dá ainneoin sin, níor cuireadh i gcrích é fós in earnálacha ríthábhachtacha mar an t-airgeadas, an fuinneamh agus na seirbhísí digiteacha,' a dúirt Uachtarán CESE **Oliver Röpke**. 'Léiríonn díospóireacht an lae inniu an géarghá atá le hathchóirithe a dhéanamh le bacainní a bhaint, earnáil na seirbhísí a neartú agus cothrom na Féinne a chinntiú do na gnólachtaí ar fud an Aontais.'

Rinne **Maria Luís Albuquerque**, Coimisinéir um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, a tacaíocht don mhéid sin a chuir in iúl: 'An fhís atá agamsa den Aontas Coigiltis agus Infheistíochta ná rud a chruthóidh rachmas do na saoránaigh agus a chothóidh fás i measc na gcuideachtaí trína dtabhairt le chéile i dtimpeallacht shábháilte iomaíoch a ndéanfar rialáil agus maoirsiú cuí uirthi.'

Sna tuairimí ó CESE, luaitear dhá dhúshláin shuntasacha atá roimh an iomaíochas: an ilroinnt sa mhargadh aonair, rud ar tarraingíodh aird air i dTuarascálacha Letta agus Draghi, mar aon leis an rómhaorlachas arb

iad na FBManna is mó a bhíonn thíos leis. Cuireann an dá rud sin srian leis an nuálaíocht agus an fás eacnamaíoch.

**Cén fhadhb atá ann?**

Gnólachtaí ar fud na hEorpa, níl siad in ann ag na rialacháin chasta fhorluiteacha atá ann. Dá dheasca sin, cuirtear am agus airgead amú, cuirtear moill ar an gComhaontú Glas agus cuirtear srian leis an rochtain atá ag na cuideachtaí meánmhéide ar mhaoiniúchán. Cuirtear frustrachas ar an lucht gnó, cuirtear leis na costais atá le híoc ag an tomhaltóir agus cuirtear bac ar an bhfás eacnamaíoch.

De bhreis ar an ualach rialála, tá dúshláin struchtúracha níos doimhne ann a bhaineann an bonn ó iomaíochas an Aontais. Tá teorainn le cumas an Aontais dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda mar gheall ar a mhoille atá an margadh aonair á chur i gcrích, mar gheall ar an neamhionannas atá ann ó thaobh bonneagar digiteach agus fuinnimh de agus mar gheall ar a laghad a chomhordaítear an beartas tionsclaíoch. Cé gur féidir le bloic eacnamaíocha eile beart a dhéanamh gan mhoill le hinfheistíocht a mhealladh agus nuálaíocht a chothú, go tapa chun infheistíocht, tá an Eoraip i mbaol a titime ar gcúl.

**Cén réiteach atá ann?**

Má táthar chun an t-iomaíochas a neartú, beidh gá le cur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear bacainní a bhaint in earnálacha ríthábhachtacha mar an t-airgeadas agus an fuinneamh, dlús a chur leis an gclaochlú digiteach agus cinnte a dhéanamh de gur féidir le FBManna forbairt a dhéanamh agus dul san iomaíocht agus cothrom na Féinne á fháil acu.

Moltar an méid a leanas sna tuairimí ó CESE:

- Rialacháin a shimpliú gan na caighdeáin chomhshaoil ná na caighdeáin shóisialta a ísliú.
- Ardán aonair amháin faoi thiomáint na hintleachta saorga a chruthú leis an tuairisciú a dhéanann na FBManna agus na cuideachtaí meánmhéide a chuíchóiriú, rud a d’fhágfadh gurbh fhusa agus gurbh thapa an chomhlíontacht.
- Rialacha a chomhchuibhiú ar fud na n-earnálacha ar mhaithe leis an bpáipéarachas a laghdú.
- Na rialacháin airgeadais a chaighdeánú ar fud na mBallstát trí bhíthin beartas tionsclaíoch Eorpach comhordaithe.
- An Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a athchóiriú, le gur cothroime an córas agus gur lú an t-ualach a bhaineann leis. (gb)



## An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an bhfuil sé oiriúnach don fheidhm atá leis?

**An 6 Márta, reáchtáil CESE díospóireacht maidir le Comhaontú an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Tionsclaíocht Ghlan, cúpla lá roimh an bplé a bhí beartaithe ag an gComhairle don 12 Márta. Rinne lucht ceaptha beartas, ceannairí tionscail agus ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta an plean a chíoradh lena fháil amach an bhféadfadh sé tacú i gceart le hearnáil teicneolaíochta glaine, tionscail dianfhuinnimh agus uathriail straitéiseach na hEorpa.**

I bhfianaise a éagobhsaí agus atá cúrsaí geopholaitíochta agus na n-athruithe atá ag teacht ar an gcaidreamh trasatlantach, is práinní ná riamh an gá atá ag an Eoraip le huathriail straitéiseach. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan dlús a chur leis an dícharbónú agus, san am céanna, borradh a chur faoin iomaíochas tionsclaíoch, agus na praghsanna fuinnimh a ísliú mar an chéad chéim. Tá amhras ann go fóill, áfach, faoina indéanta agus atá sé agus faoi cheist an chistiúcháin.

'Níl i gceist anseo rogha a dhéanamh idir an uathriail, an t-iomaíochas agus an dá aistriú. Baineann sé seo le gach earnáil thionsclaíoch agus ní mór dóibh go léir oiriúnú a dhéanamh, ar a luas féin ach de réir gealltanais shoiléire,' arsa **Pietro de Lotto**, Cathaoirleach an Choimisiúin Chomhairligh um Athruithe Tionsclaíocha in CESE, agus é ag cur in iúl gur ceist chothromaíochta atá ann.

Tá sé curtha i bhfáth ag an gCoimisiún Eorpach gur riachtanas geopholaitiúil é a bheith neamhspleách ar fhuinneamh na Rúise, ach is ábhar imní atá ag dul i méid é meath tionsclaíoch na hEorpa. Tá laghdú suntasach tagtha ar an aschur tionsclaíoch agus ar theacht isteach na hinfheistíochta dírí coigríche le dhá bhliain anuas.

Dúshlán ollmhór a bheidh sa chistiúchán. Má táthar le cuspóirí an phlean a bhaint amach, beidh ar institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus an lucht tionscail dul i gcomhar le chéile. Cé go bhfuil frithráthaíochtaí €500 milliún geallta ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar aon le €1.5 billiún le feabhas a chur ar na heangachaí fuinnimh, caithfidh na rialtais náisiúnta acmhainní breise a thabhairt le chéile.

Saincheist ríthábhachtach eile is ea tionchar sóisialta na aistrithe, go háirithe i gcás na dtionscal dianfhuinnimh a bhfuil líon suntasach post caillte iontu cheana féin. Cheistigh ionadaithe de chuid na sochaí sibhialta an bhféadfadh sé go mbeadh de thoradh ar chánacha fuinnimh a laghdú, ar ceann de phríomh-mholtaí an Chomhaontaithe é, go laghdófaí an méid a chaitear ar an oideachas agus an tsláinte.

D'ainneoin an dóchais a bhaineann le haidhmeanna fadtéarmacha an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, chuir saineolaithe in iúl an t-imní atá orthu nach mbeadh sé in ann dul i ngleic le cuid de na dúshláin ghearrthéarmacha. Tá ríthábhacht ag baint leis an luas agus an simpliú, ó d'fhéadfadh ardchostais fuinnimh agus bacainní rialála moill a chur ar an dul chun cinn. Dúshláin atá in ilroinnt na mbeartas náisiúnta i gcónaí, agus tá baol ann nach dtapófar an deis atá sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan na beartais thionsclaíocha a thabhairt le chéile ar fud na hEorpa.

Údar imní eile is ea an neodracht theicneolaíoch, agus is ábhar díospóireachta an rud is cothromaíocht chuí idir na foinsí in-athnuaite fuinnimh, an hidrigin agus bithbhreoslaí. Cé gur díol sásaimh an bhéim atá leagtha ar an bhfuinneamh in-athnuaite, tá gá fós le tiomantas láidir don éifeachtúlacht fuinnimh. A bhuí leis an bhfuinneamh in-athnuaite tá €100 billiún sábháilte cheana féin ag na tomhaltóirí idir 2021 agus 2023. Dea-scéal é sin agus ba cheart don Aontas leanúint air sa treo sin. (jh)

---




## Is géar a theastaíonn tacaíocht ó fheirmeoirí an Aontais má tá i ndán dóibh a theacht slán ó luaineacht na margaí

**Is measa ná a chéile na géarchéimeann atá le sárú ag feirmeoirí na hEorpa: an adhaimsir féin, an éagobhsaíocht sa mhargadh, sin agus an iomaíocht éagórach atá sa mhullach orthu. Dar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur mithid foláireamh a thabhairt don saol nó ní leor beartais reatha an Aontais leis na feirmeoirí a chosaint. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí athchóiriú go práinneach chun ioncam agus fáltas a chinntiú dóibh, chun cumhacht na margála a neartú, agus inbhuanaithe na talmhaíochta a áirithiú.**

I dtuairim a d’iarr Uachtaránacht na Polainne ar an Aontas Eorpach, d’iarr CESE go mbeadh córas talmhaíochta níos athléimní ann, agus na feirmeoirí a bheith ina chroílár.

Is uasal an ghairm bheatha í an fheirmeoireacht. Dhá ní is bunchuspóir di: bia sábháilte ar ardchaighdeán a tháirgeadh i gcomhair na ndaoine chun an comhshaol a chothabháil agus a fheabhsú. Níl uainn ach luach saothair ar lá oibre, meas a bheith ar an dícheall a dhéanaimid, sin agus praghas cóir ar an mbia a chuirimid ar fáil, "a dúirt Joe Healy, duine de thriúr rapóirtéirí na tuairime.

Na dúshláin atá ann lenár linn, dar le CESE nach bhfuil a ndiongabháil sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT). I measc na n-uirlisí airgeadais atá á moladh aige chun tacú le feirmeoirí, tá árachas poiblí do thubaistí nádúrtha, cabhair fhrith-thimthriallach agus íocaíochtaí díreacha. D’fhéadfadh cistí frithpháirteacha, rud atá in úsáid cheana féin i gcuid de Bhallstát an Aontais, eangach tharrthála bhreise a sholáthar, rud a bheadh á mhaoiniú ag feirmeoirí, tionscal, rialtais réigiúnacha agus an tAontas i dteannta a chéile.

Tá CBT le hathbhreithniú tar éis 2027, agus mhol CESE go n-athbhunófaí a bhuiséad go 0.5 % ar a laghad de OTI an Aontais. Tá gá le rialacháin trádála níos déine lena chinntiú go gcomhlíonann táirgí allmhairithe caighdeáin chomhshaoil agus saothair an Aontais.

Ábhar mór imní eile is ea an díol faoi bhun costais, cleachtas a chuireann feirmeoirí faoi bhrú mór airgeadais. Tá CESE ag tathant ar lucht ceaptha beartas an Aontais a dianmhachnamh a dhéanamh ar chosc a chur ar cheannacháin faoi bhun an chostais ionas nach ndéanfaidh na miondíoltóirí móra na feirmeoirí a bhá. D’fhéadfaí dlíthe bhiashlabhra na Spáinne a cheadú i gcomhair na hoibre seo.

Chun an trédhearcacht agus cumhacht mhargaidh na bhfeirmeoirí a fheabhsú, mhol CESE lárionad digiteach AE a bheith ann chun faireachán a dhéanamh ar phraghsanna, ar chostais agus ar bhrabúis. Rud eile atá molta aige caibidlíocht choiteann i ndáil le praghsanna agus tacaíocht mhéadaithe do chomharchumainn agus d'eagraíochtaí táirgeoirí. Tá gá le neamhspleáchas eacnamaíoch agus iomaíochas níos fearr in earnáil na talmhaíochta san Aontas.

Cé go bhfuil na spriocanna aeráide ríthábhachtach, ní féidir le feirmeoirí na costais a sheasamh leo féin. D'fhéadfadh ciste inbhuanaitheachta cabhrú leo aistriú chuig cleachtais ní ba ghlaise. Tugadh rabhadh sa tuairim faoin riosca sceite carbóin, áit a gcuireann rialacha dochta an Aontais feirmeoirí áitiúla faoi mhíbhuntáiste le hais iomaitheoirí atá lasmuigh den Aontas.

Leag CESE béim ar an tábhacht atá le hinfheistíocht san fhorbairt tuaithe, sa nuálaíocht agus i rialacha CBT a bheadh níos simplí. Tá brú mór ar na feirmeoirí agus is in olcas atá an scéal an dul. Dá réir sin, ní práinn go beart a dhéanfadh an tAontas sula scuabfar tuilleadh feirmeacha le sruth. (ks)

---



## Athléimneacht agus iomaíochas a neartú i Seimeastar Eorpach 2025

**Tá a phríomh-mholtaí eisithe ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir le Seimeastar Eorpach 2025 – Pacáiste an Fhómhair, mar atá infheistíochtaí straitéiseacha agus comhar níos láidre chun athléimneacht agus iomaíochas an Aontais a fheabhsú.**

Is i dtuairim a glacadh ag an seisiún iomlánach i mí Feabhra a chuir CESE na moltaí sin chun cinn. Leag sé béim inti ar an inbhuanaitheacht, ar athchóirithe ar mhargadh an tsaothair agus ar ailíniú níos fearr idir beartais náisiúnta agus beartais an Aontais, mar aon le ról níos mó a thabhairtdon tsochaí shibhialta.

Chuir CESE in iúl gurb oth leis nár foilsíodh Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, ar doiciméad beartais ríthábhachtach é. Chuir sé chun suntais gur gá d'institiúidí an Aontais ullmhú do rioscaí geopholaitiúla a d'imreodh tionchar ar an trádáil, ar an mboilsciú agus ar an bhfás.

Léirigh CESE a thacaíocht do thionscnamh an Chompáis Iomaíochais agus d'éiligh sé go ndéanfaí infheistíochtaí in earnáil an fhuinnimh agus san earnáil dhigiteach, Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha san áireamh. D'éiligh sé freisin ról níos mó a thabhairt don tsochaí shibhialta, athbhreithniú pragmatach a dhéanamh ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), agus feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit chun gur fearr na beartais eacnamaíocha agus táirgiúlacht. (tk)

---




## An beartas comhtháthaithe a chóiriú ionas go mbeidh an tAontas níos láidre agus níos athléimní

**Is colún i lánpháirtiú na hEorpa an beartas comhtháthaithe le fada an lá, colún lena gcuirtear aontacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheografach chun cinn ar fud an Aontais. De réir mar a bheidh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027 á mhúnlú, is ríthábhachtach an beartas comhtháthaithe a nuachóiriú chun éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus freagairt do na dúshláin nua a mhéadú.**

I dtuairim a glacadh le déanaí maidir le Treoshuíomh torthaí an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027 a neartú, leag CESE béim ar an ngá atá le cur chuige atá dírithe ar thorthaí a ghlacadh chun a áirithiú go leanfaidh an beartas comhtháthaithe de thairbhí nithiúla a chur ar fáil agus neamhionannais á laghdú agus iomaíochas inbhuanaithe á chur chun cinn san am céanna.

‘Ní mór don bheartas comhtháthaithe a bheith ina phríomhionstraim ag an Aontas don fhorbairt réigiúnach fós. Cinntíonn cur chuige atá dírithe ar na torthaí go gcuireann gach euro a chaitear leis an bhfolláine eacnamaíoch agus shóisialta,’ arsa **David Sventek**, rapóirtéir na tuairime.

Beidh gá le hathchóiriú mór ar CAI 2028+ chun tacú leis an bhforbairt réigiúnach, leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus leis an iomaíochas eacnamaíoch. Agus riachtanais infheistíochta os cionn EUR 750–800 billiún in aghaidh na bliana ann, tá cistiú láidir ón Aontas ríthábhachtach.

Tá CESE ag iarraidh go gcoinneofaí an acmhainneacht fhioscach ag 1.8 % de OTI an Aontais agus go méadófaí cistiú an bheartais comhtháthaithe. Áirítear ar na príomhthosaíochtaí rialachas comhroinnte, beartais réigiúnacha shaincheaptha, cistiú bunaithe ar thorthaí, agus próisis shimplithe.

Le cur chuige atá dírithe ar thorthaí, cuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht ach tá gá le cur chun feidhme agus maoirseacht ní b’fhearr. Ach an t-iomaíochas a chur i gcothroime leis an infheistíocht shóisialta, sin agus an tacaíocht theicniúil a neartú, mar aon leis an trédhearcacht a áirithiú, is mó tionchar a bheidh ag an mbeartas comhtháthaithe, cothófar athléimneacht eacnamaíoch agus laghdófar éagothromaíochtaí ar fud na hEorpa. (tk)



## Is mian le CESE go mbeadh turasóireacht athghiniúnach ann chun an geilleagar agus an comhshaol a neartú

**Is inneall cumhachta atá sa turasóireacht do gheilleagar an Aontais agus is féidir léi iomaíochas na hEorpa a neartú. Is mithid athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an turasóireacht agus dul thar an inbhuanaitheacht i dtreo na turasóireachta athghiniúnaí. Bíodh brí agus beocht san áit a mbíonn na turasóirí.**

Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ag tathant ar an Aontas Eorpach earnáil na turasóireachta a athrú ó bhonn, agus béim a leagan ar an inbhuanaitheacht agus ar an athghiniúint chun tairbhe fadtéarmach eacnamaíoch agus comhshaoil a áirithiú.

As tourism remains a vital pillar of the EU’s economy, particularly in regions heavily reliant on the industry, the EESC is advocating an accelerated transition to sustainable tourism and a shift towards regenerative tourism strategies, as outlined in its opinion on *Tourism in the EU: sustainability as a driver for long-term competitiveness.*

‘Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh ról ag an turasóireacht in athbheochan an iomaíochais san Eoraip. Sin rud atá ríthábhachtach ós rud é gur cuid chomh tábhachtach d’OTI na mBallstát agus na réigiún í an turasóireacht, chomh maith lena slabhraí luacha,’ arsa rapóirtéir na tuairime, **Isabel Yglesias**.

Ms Yglesias said that the opinion built on the Palma Declaration, adopted during the Spanish Presidency of the Council in the second half of 2023, which had generated broad consensus on how to ensure that sustainability is at the heart of the future of tourism.

Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla tacú go gníomhach leis an earnáil agus í ag aistriú, rud lena n-áiritheofar idirphlé leanúnach leis na geallsealbhóirí ábhartha uile agus an t-idirphlé sóisialta a neartú.

Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag iarrachtaí inbhuanaitheachta sa turasóireacht, tá an borradh taistil iar-phaindéimeach ag cur brú ar go leor áiteanna saoire a mbíonn na sluaite ag triall orthu. Mar gheall ar an mborradh sin, is deacra do na réigiúin cothromaíocht a bhaint amach idir an fás eacnamaíoch agus an fhorbairt inbhuanaithe, agus ag an am céanna dul i ngleic le ganntanas foirne agus mímheaitseáil idir na poist atá ar fáil agus scileanna na n-oibrithe.

Sin an fáth a bhfuil CESE ag iarraidh freisin go mbeadh gluaiseacht i dtreo na turasóireachta athghiniúnaí ann, agus go gcuirfí sin san áireamh sa Straitéis Eorpach um Thurasóireacht Inbhuanaithe, a chuirfidh an Coimisiún Eorpach i láthair sna míonna atá romhainn.

Ní hionann agus an turasóireacht inbhuanaithe thraidisiúnta, rud a dhíríonn ar dhochar don chomhshaol a laghdú, tá sé d’aidhm ag an turasóireacht athghiniúnach an caipiteal nádúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch a athbhunú agus a fheabhsú. Leis an gcur chuige réamhbhreathnaitheach sin, comhtháthaítear prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus féachtar le tionchar dearfach marthanach a fhágáil ar na háiteanna a

mbíonn na turasóirí agus ar na pobail áitiúla araon. (ll)

---




## Staidéar nua ó CESE maidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach: cur le hiomaíochas na hEorpa i réimse na hintleachta saorga

**Tá uair na cinniúna buailte leis an Aontas Eorpach ó thaobh fhorbairt na hintleachta saorga de. Cé go bhfuil margadh na hintleachta saorga giniúnaí (GenAI) ar maos le cuideachtaí ó na Stáit Aontaithe – agus 80 % den infheistíocht phríobháideach dhomhanda á déanamh sa tír – tá dul chun cinn an-tapa á dhéanamh ag an tSín. Chun a fháil cad atá ag teastáil chun go leanfaidh an Eoraip de bheith iomaíoch, d’fhoilsigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) staidéar nua i gcomhar leis an Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS).**

Ullmhaíodh an staidéar faoi scáth na Rannóige um an Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas (INT) in CESE agus déantar é a phlé go minic laistigh d’Fhaireachlann CESE um an Margadh Aonair Digiteach
. Breathnaítear ann ar na deiseanna, na dúshláin agus na bearta beartais mhóra is gá a dhéanamh chun feabhas a chur ar sheasamh na hEorpa ó thaobh na hintleachta saorga de.

**Príomh-Mholtaí don Aontas Eorpach:**

- **Borradh a chur faoin infheistíocht san intleacht shaorga agus faoin ríomhchumhacht** – ní mór don Eoraip cur le méid na n-infheistíochtaí a dhéanann sí i mbonneagar intleachta saorga chun an nuálaíocht a chothú.
- **Díriú ar thrí earnáil ardacmhainneachta** – is féidir leis an intleacht shaorga borradh a chur faoin bhfás **i dtionscal na ngluaisteán, san fhuinneamh glan agus san oideachas.**
- **An intleacht shaorga foinse oscailte a chur chun cinn** – ach samhlacha oscailte intleachta saorga a spreagadh, tiocfaidh feabhas ar inrochtaineacht agus ar iomaíocht.
- **Iarrachtaí taighde agus forbartha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr** ar fud an Aontais.

**An tSochaí Shibhialta a Chumhachtú maidir leis an Intleacht Shaorga a Rialú**
Leagtar béim sa staidéar ar a thábhachtaí atá eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) maidir le beartais agus rialachas intleachta saorga a mhúnlú. Chun gné na cuimsitheachta agus glacadh eiticiúil na hintleachta saorga a fheabhsú, cuirtear roinnt moltaí chun cinn sa tuarascáil, mar atá:

- **Cláir litearthachta intleachta saorga** – tionscnaimh oiliúna agus tionscnaimh idirphlé shóisialta chun oibrithe agus an pobal a chumhachtú.
- **Cur chuige an deartha shóisialta** – a chinntiú go bhfuil forbairt na hintleachta saorga dírithe ar an duine agus ailínithe le riachtanais na sochaí.
- **Cistiú méadaithe do ESSanna** – tacú le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhúnann an bhearna idir teicneolaíocht intleachta saorga agus tuiscint an phobail.
- **Glacadh eiticiúil na hintleachta saorga** – tús áite a thabhairt do chórais intleachta saorga iontaofa atá ailínithe le luachanna Eorpacha.

**Leas a bhaint as acmhainneacht CESE sa bheartas maidir leis an intleacht shaorga**
Is maith a bheadh CESE ann rannpháirtíocht struchtúrtha ESSanna sa bheartas maidir leis an intleacht shaorga a éascú. Moltar sa staidéar go rachfaí i muinín intleacht shaorga foinse oscailte agus go ndéanfaí nuálaíocht eiticiúil a chur chun cinn trí leas a bhaint as an soláthar poiblí agus as scéimeanna cistiúcháin. Bheadh ról lárnach ag CESE sa mhéid sin mar mhol a chomhoibreodh le ESSanna agus le pobail foinse oscailte agus a mhúsclódh feasacht maidir le tionchar na hintleachta saorga ar an tsochaí.

Tá **gluais aontaithe na hintleachta saorga** curtha san áireamh sa staidéar freisin féachaint le teanga choiteann a bhunú. Ar an gcaoi sin, is féidir cumarsáid éifeachtach a chinntiú i measc an lucht ceaptha beartas, an lucht forbartha agus na húsáideoirí. Tá sé sin ríthábhachtach má táthar leis an intleacht shaorga a fhorbairt, a rialú agus a chur in úsáid ar bhealach freagrach i ngach earnáil.

Roinnfear an staidéar le príomhinstitiúidí an Aontais agus táthar ag súil go gcuirfear san áireamh é sna beartais a dhéanfar amach anseo maidir leis an intleacht shaorga. Tá an tuarascáil iomlán le fáil anseo. (vk)

# NEWS FROM THE GROUPS



Copyright: EU2025 - source: EC

## Súil ghéar ar Chomhaontú Tionsclaíoch Glan an Aontais:

***Le Michal Pintér, toscaire de chuid an Choimisiúin Chomhairligh um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI) in CESE***

**Aithnítear sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CID) a foilsíodh le déanaí an tábhacht straitéiseach atá le tionscail dianfhuinnimh do gheilleagar an Aontais, agus sainaithnítear i gceart ann na príomhdhúshláin atá rompu. Cé go bhfuil smaointe suaitheanta ann – margaí luaidhe glasa, tacaíocht don gheilleagar ciorclach agus cistiú le haghaidh dícharbónú – níl an**

**phráinn agus an dánaíocht is gá sna bearta chun stop a chur leis an meath ar thionscail dianfhuinnimh na hEorpa.**

Sa tuairim a glacadh le déanaí Todhchaí thionscail dianfhuinnimh an Aontais i bhfianaise praghsanna arda fuinnimh agus costais arda an aistrithe, d'aithin Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa bearna mhór iomaíochais idir EIInna san Aontas agus tionscail iomaitheoirí domhanda. Bhí an ceart ag an gCoimisiún an milleán a chur ar phraghsanna fuinnimh ós iad is cúis leis sin. Mar sin féin, ní mholtar sa Chomhaontú ná sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne aon athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais. Bhí toradh fónta go leor ar an bpraghsáil imeallach fad a bhí an tAontas ag baint tairbhe as gás na bpíobán ar phraghas réasúnta íseal agus réasúnta cobhsaí ón Rúis. Ar an drochuair, tá athrú tagtha ar an saol, mar táimid faoi anáil na soláthairtí GNL feasta, rud atá luaineach costasach. Is baol gur mar sin a bheidh an scéal go ceann tamall de bhlianta. Ainneoin méadú ar an sciar den leictreachas atá saor ar iontaise ar chostas íseal i meascán fuinnimh an Aontais, tá praghsanna breoslaí iontaise fós ag imirt tionchair nach beag ar mhúnlú phraghsanna an leictreachais.

Is díol sásaimh na hiarrachtaí beartais chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, ach ní laghdaíonn siad na billí leictreachais mar gheall ar dhearadh an mhargaidh i láthair na huaire. Tá gá le bearta láithreach bonn chun tairbhí costais an leictreachais in-athnuaite a aistriú chuig tionscail agus chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna maolaithe praghsanna uile, rud lena n-áirítear díchúpláil praghsanna leictreachais.

Aithnítear sa Chomhaontú freisin bealaí éalaithe sa Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (gan réiteach ar an onnmhairiú, ná ar atheagrú agus ar imchéimniú na n-acmhainní) agus ionstraimí cosanta trádála. Mar sin féin, is beag leargas a thugann sin dúinn, ar an drochuair, faoin gcaoi a gcosnófar margadh an Aontais, rud a fhágann nach bhfuil EIInna cinnte faoi chogadh trádála domhanda.

Tá CESE ag tathant ar institiúidí an Aontais bearta cinntitheacha a chur chun feidhme i bpleananna gníomhaíochta earnáilsonracha, d'fhonn tuilleadh díthionsclaithe a chosc agus acmhainneacht an Aontais maidir le claochlú tionsclaíoch a choinneáil ar bun.




# Ní ann don chosaint gan infheistíocht shóisialta

**Grúpa na nOibrithe in CESE a scríobh**

**Ba cheart don chaiteachas cosanta agus an caiteachas sóisialta a bheith fite fuaite ina chéile – níor chóir an stát leasa shóisialaigh a ghéilleadh ar mhaithe leis an gcaiteachas cosanta a mhéadú. Uirlis ríthábhachtach é an stát láidir leasa shóisialaigh maidir le stop a chur le páirtithe atá i bhfad amach ar an eite dheis réimis uathlathacha ar nós na Rúise a chur ar bun san Aontas.**

Anois agus tús á chur leis an gceathrú bliain den chogadh san Úcráin, is iomaí duine a bhfuil méadú ar an gcaiteachas cosanta á iarraidh aige, go háirithe i bhfianaise a bhfuil tarlaithe i bpolaitíocht na Stát Aontaithe. Ní féidir le tíortha na hEorpa talamh slán a dhéanamh den chosaint a thuilleadh. Is iomaí ábhar a raibh toirmeasc air go dtí seo atá faoi chaibidil go hoscailte ar an leibhéal Eorpach anois, ní hamháin ó thaobh cúrsaí míleata de ach ó thaobh ualach breise fiachais de freisin.

Mar sin féin, tá dreamanna áirithe ann a thugann le tuiscint gur gá gurb ionann méadú ar an gcaiteachas cosanta agus laghdú ar an leas sóisialach – amhail is gurb é is cúis le neart míleata na Stát Aontaithe a laghad cosaint cheart shóisialta atá sa tír sin, nó gurb é is cúis le harm a bheith lag pinsin agus slándáil shóisialta a bheith ag an bpobal.

Is mian le Grúpa na nOibrithe aird a tharraingt ar an dá shaincheist a leanas:

- Is sa dara háit ar domhan maidir leis an gcaiteachas míleata atá an tAontas Eorpach ina iomláine. Cé gur féidir, i gcásanna áirithe, go bhfuil gá le caiteachas coiteann nó caiteachas breise, is é an rud is mó a bhfuil gá leis chun an uathriail straitéiseach a áirithiú ná comhordú agus tionscadail chomhpháirteacha. Ní mór dúinn sinn féin a chosaint, seachas dul in iomaíocht leis na Stáit Aontaithe ar fud an domhain.
- Stát leasa shóisialaigh a fheidhmíonn i gceart, in éineacht le hiarrachtaí an bhochtaineacht agus an neamhionannas a chomhrac, is uirlis ríthábhachtach é sin maidir le bac a chur ar theacht i gcumhacht na bpáirtithe atá i bhfad amach ar an eite dheis in an-chuid Ballstát. Na páirtithe sin den eite dheis radacach, dream atá ag dul i dtreise, is beag meas atá acu ar an daonlathas, is go mór i gcoinne an chuid is mó de luachanna na hEorpa atá siad, is ag dréim le réimis uathlathacha ar nós réimeas na Creimile a chur ar bun i mBallstáit an Aontais atá siad agus, má bhaineann siad cumhacht amach, déanfaidh siad cinnte de nach féidir le beartas comhordaithe cosanta teacht chun cinn.

Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit breathnú ar an gcosaint agus an infheistíocht shóisialta mar dhá rud a théann chun tairbhe dá chéile, dhá rud a éascaíonn a chéile.



# Tá Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta ag iarraidh go dtabharfaí éisteacht cheart do ghuth na sochaí sibhialta

**le Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE**

**Ní foláir do CESE a bheith rannpháirteach ó thús i dtionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh ionas gur féidir an comhar a dhéantar leis an tsochaí shibhialta a neartú. A bhuí leis an staidéar atá beartaithe ag CESE maidir le *Cleachtais an idirphlé shibhialta a mhapáil in institiúidí an Aontais*, is féidir ionchur luachmhar a chur ar fáil, dar le Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE.**

Tar éis thús thimthriall polaitiúil nua an Aontais, agus tar éis *Straitéis AE maidir leis an tsochaí shibhialta a thacú, a chosaint agus a chumhachtú* a fhógairt don tríú ráithe de 2025 i gClár Oibre an Choimisiúin, thionóil Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta comhdháil d’fhonn aird a dhíriú ar na príomhghníomhaíochtaí is gá a dhéanamh le linn théarma 2024-2029. An 3 Márta, d’fhreastail tuairim is 100 duine ar an gcomhdháil, idir ionadaithe ó eagraíochtaí náisiúnta agus Eorpacha de chuid na sochaí sibhialta (ESSanna) agus saoránaigh.

Dúirt **Séamus Boland**, Cathaoirleach Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta, go bhfuil ról ag na ESSanna maidir lena áirithiú go gcuirtear riachtanais na saoránach san áireamh agus beartais á gceapadh d'fhonn freastal orthu. Dhearbhaigh sé athuair go bhfuil iarrtha ag an nGrúpa agus ag an gCoiste araon go mbeadh baint ag CESE le hArdán na Sochaí Sibhialta atá beartaithe ag an gCoimisiún.

‘I bhfianaise na taithí atá aige, ní áirím an t-ardán a chuireann sé ar fáil, ní foláir do CESE a bheith rannpháirteach ó thús i dtionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh ionas gur féidir an comhar a dhéantar leis an tsochaí shibhialta a neartú. Ní mór lámh a bheith ag CESE i gcúrsaí rialachais agus ba cheart ról lárnach a thabhairt dó sa tionscnamh maidir le hArdán don tSochaí Shibhialta a chruthú,’ arsa an tUasal Boland.

D’áitigh sé, ina theannta sin, gur cheart idirphlé sibhialta atá struchtúrtha, rialta, trédhearcach agus cuimsitheach a chothú ag tógáil dóibh ar na struchtúir atá ann cheana, sin agus na geallsealbhóirí ábhartha uile a thabhairt le chéile. Dá bhrí sin, ba cheart do na hinstitiúidí Eorpacha meitheal um idirphlé sibhialta a chruthú agus CESE ag feidhmiú i gcáil éascaitheora ina leith.

‘D’fhéadfadh meitheal um idirphlé sibhialta treoirphlean a cheapadh maidir le conas timpeallacht níos fabhraí a chruthú d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa phróiseas múnlaithe beartas,’ arsa an tUasal Boland. Céim thosaigh a bheadh ann i dtreo idirphlé sibhialta níos struchtúrtha agus b’fhéidir dul i ngleic leis na ceisteanna seo a leanas dá réir: cé leis a rachfar i gcomhairle, cé na saincheisteanna is cóir a chur san áireamh, cad iad na spriocanna a bheidh ann ó thaobh amlíne de agus cén toradh a bheidh ar an idirphlé féin?

Ar a mhuin sin, d’fhéadfadh an mheitheal atá molta leas a bhaint as an staidéar dar teideal *Cleachtais an idirphlé shibhialta a mhapáil in institiúidí an Aontais* atá beartaithe ag CESE faoi na cleachtais idirphlé atá ann cheana.

Rinne CESE an staidéar a choimisiúnú arna iarraidh sin do Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta. Táthar ag súil leis go mbeidh torthaí an staidéir ar fáil ó mhí Iúil 2025 i leith. Sa staidéar tugtar faoin idirphlé sibhialta a mhapáil mar a chleachtar é in institiúidí an Aontais féachaint cad iad na próisis atá i bhfeidhm faoi láthair a thugann ról do ESSanna agus cén cineál modheolaíochta a úsáidtear chucu. A bhfuil d’eolas

againn faoi na cleachtais atá in úsáid cheana, ba cheart tarraingt air d’fhonn tacú leis an obair atá ar siúl ar son idirphlé sibhialta níos struchtúrtha sa timthriall reachtach nua. Chuir **Berta Mizsei** ón Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS) réamhthorthaí an staidéir i láthair cheana féin ag an gcomhdháil.

Cuireadh i bhfáth ag an gcomhdháil freisin gur réamhchoinníoll é bail cheart airgeadais a bheith ar na ESSanna d’fhonn idirphlé a chothú agus d’fhonn ligean do lucht ceaptha beartas freastal ar riachtanais na saoránach. Ní foláir a gcobhsaíocht airgeadais agus a neamhspleáchas a ráthú.

Tá conclúidí agus moltaí na comhdhála le fáil ar shuíomh gréasáin CESE.

# SOON IN THE EESC/CULTURAL EVENTS




## YEYS 2025: An tsaoránacht ghníomhach agus comhrac an éillithe, sin dhá ní atá i dtús áite ar chlár oibre na hóige

**Tionóladh*Leatsa an Eoraip, Abair Leat!* an 13 agus an 14 Márta seo caite. Tionól bliantúil é seo i gcomhair na hóige a bhíonn á eagrú ag CESE. Díríodh ann ar ról na ndaoine óga i múnlú na todhchaí athléimní.**

Ag ócáid na bliana seo, tháinig beagnach 100 duine óg le chéile ó gach cearn den Aontas, ó naoi dtír is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, sin agus ón Ríocht Aontaithe. Labhair na rannpháirtithe thar ceann na n-eagraíochtaí óige, na gcomhairlí náisiúnta óige agus na meánscoileanna, rud a tharraing aird ar gacj is ábhar imní do raon leathan grúpaí. Is abhcóidí óga go leor acu a bhfuil taithí na mblianta acu. I gcás daoine eile, ba é an t-imeacht seo an chéad chéim thábhachtach chun dul i ngleic leis an daonlathas rannpháirtíochta ina bpobail féin agus níos faide ó bhaile.

Le linn na gceardlann, faoi threoir na n-éascaitheoirí, thug na daoine óga suntas do na saincheisteanna is práinní ar cheart dar leor go gcuirfeadh na gníomhaithe polaitiúla aghaidh orthu. I measc na gceisteanna sin, bhí an comhrac i gcoinne an éillithe agus straitéis chomhleanúnach aeráide a fhorbairt, mar aon le hionannas na gceart a chinntiú do chách. Ós rud é go gcreimeann an t-éilliú an mhuinín atá ag na daoine as na hinstitiúidí agus ós rud é go lagaíonn sé an daonlathas, ba ríthábhachtach tacú leis an iriseoireacht iniúchach agus trédhearcacht a fheabhsú maidir leis an úsáid a bhaintear as airgead na gcáiníocóirí.

'Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh cuntasacht ann. Ní féidir a bheith inar mbaireoirí ar an gclaí: tá costas na neamhghníomhaíochta ró-ard. Ní mór dúinn dul i ngleic leis agus an bua a fháil air,' a dúirt YEYSer amháin.

Is éard a dúirt na daoine óga gur mithid cuspóirí coiteanna a bheith ann sa chomhrac in aghaidh an athraithe san aeráid. Ba léir dá réir gur gá beatha an duine a chosaint ar thionchar díobhálach an athraithe san aeráid agus aitheantas a thabhairt don chosaint sin go foirmeálta. D'iarr siad curaclam a bheadh bunaithe ar luachanna agus sin a bheith mar chuid den dearadh, curaclam a mbeidh tionchar dearfach aige ar nósmhaireacht na ndaoine ar líne, curaclam a chuirfidh srian leis an mífháisnéis. Mhol rannpháirtithe YEYS cearta comhionanna, cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna, chomh maith le cuimsiú do chách i ngach réimse. Maidir leis an easpa ionadaíochta don óige sna próisis chinnteoireachta pholaitiúla, chuir siad i bhfios go láidir go n-éilíonn daonlathas go n-éistfí le gach guth.

Ba é buaicphointe an imeachta leathlae seisiún iomlánach deiridh na hóige, áit ar chuir slua tiomanta rannpháirteach a gcuid moltaí faoi bhráid Uachtarán CESE **Oliver Röpke** agus chomhordaitheoir óige an Aontais **Biliana Sirakova**. Tar éis an vóta, rangaigh YEYSers cúig phointe fócais in ord a dtábhachta.

(1) An t-éilliú a chomhrac trí thrédhearcacht agus rannpháirtíocht na hóige.

(2) An tsaoránacht ghníomhach: ón seomra ranga go dtí an pobal.

(3) IN ar son an chomhionannais.

(4) Tá suíochán dá gcuid féin tuillte ag an aos óg.

(5) Straitéis chomhtháite um athrú aeráide a fhorbairt.

Chuir an tUachtarán Röpke i bhfios go láidir go bhféadfadh na moltaí sin obair chomhairleach CESE a mhúnlú, agus béim á leagan aige ar an gcomhionannas inscne mar phríomhthosaíocht don Choiste. Thug B. Uas. Sirakova dá haire go gcuideodh na moltaí sin le bonn eolais a chur faoi obair an Aontais freisin. (cpwb)

---




## Daoine a spreagadh chun daoine a chumhachtú

**Le Kristýna Bulvasová**

**I saol éiginnte na linne seo ina bhfuil creidimh sheanbhunaithe ag titim as a chéile, agus gur údar deigilte seachas údar aontais atá sna luachanna a bhíodh i gcoiteann againn, ní mór deiseanna a thabhairt do dhaoine óga a bheith rannpháirteach dáiríre sa tsochaí agus sinn ag dul i ngleic leis an iliomad fadhbanna atá ag imeacht as smacht sa saol. Léiríodh go soiléir sa phlé a rinneadh le linn na comhdhála YEYS 2025 nach ann d'aon ábhar amháin a d'fhéadfaí 'ábhar na n-óg' a thabhairt air agus go bhfuil imní ar dhaoine óga, agus ní gan ábhar, faoi na fadhbanna éagsúla go léir atá ann, e.g. comhrac na caimiléireachta, cur chun cinn an chomhionannais, conas dul i ngleic leis an athrú aeráide. Seo a**

**scríobh dalta de chuid na Seicia, Kristýna Bulvasová, a ghlac páirt sa chomhdháil Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS).**

Mar dhuine óg de ghlúin Z, is go rímhinic a chuala mé á rá go bhfuil ‘fadhbanna nach bhfacthas riamh roimhe seo le réiteach ag an nglúin óg’ agus gur ‘faoi do cheannaireachtsa atá sé cabhrú leis na dúshláin atá ann a fhreagairt’. Ní beag an bhearna bhaoil a gcaithfear dul ann, ach is mór iad na dúshláin atá le sárú freisin: cúlú an daonlathais ar ráta nach bhfacthas cheana, ár sochaithe a bheith deighilte i dtaobh na luachanna a bhíodh i gcoiteann againn tráth, na creidimh agus na córais seanbhunaithe a bheith ag titim as a chéile, sin agus méadú ar an éiginnteacht.

Fágann na caighdeáin arda a mbítear ag súil leo go gcuirtear brú mór ar dhaoine óga agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar eagraíochtaí iad atá ar bheagán airgid, agus ar an ról tábhachtach atá acu siúd i múnlú luachanna na hóige, agus ar na córais oideachais freisin. Ba cheart go mbeadh sé d’acmhainn i gcóras an oideachais fhoirmiúil na scileanna agus na huirlisí a theastaíonn ó dhaoine óga a thabhairt dóibh le go bhféadfaidh siad fadhbanna a réiteach agus a bheith ina gceannairí i saol ár linne agus sa saol atá romhainn. Tá eagla orm go bhfuil a lán de na córais oideachais atá ann ródhocht chun dúshláin an 21ú haois a shárú, agus go bhfuil ag teip ar na scoileanna oideachas a sholáthar i réimse an athraithe aeráide agus i gcúrsaí sláinte cuimsitheacha, bíodh an mheabhairshláinte nó an t-atáirgeadh i gceist. Ina theannta sin, níl an teicneolaíocht úrscothach atá de dhíth ag na scoileanna ná ní thugtar an rochtain chuí do ghrúpaí leochaileacha.

Fiú amháin an cheist maidir le cé a mheastar a bheith leochaileach, is ceist pholaitiúil anois í, nó níos measa fós táthar ag baint leas aisti mar uirlis troda, rud a chuireann brú breise ar na daoine is lú acmhainn nár cheart a fhágáil ar lár.

Níl comhaontú inár sochaithe a thuilleadh maidir le cad is leochaileacht ann ná conas í a aithint, rud a fuair mé taithí air mé féin agus mé ag stiúradh ceardlainne i scoil gar do theorainn na Seicia-na Slóvaice, nuair a phléamar an bhearna phá idir fir agus mná agus na héagothromaíochtaí eile a bhaineann le hinscne. Deargiontas a rinne na daltaí agus na múinteoirí den ábhar, agus dhiúltaigh siad scun scan don smaoineamh go bhfuil aon éagothromaíochtaí inár sochaí. Fágann an sampla sin go gcreidim go dteastaíonn tuilleadh plé agus forbairt acmhainní maidir leis na leochaileachtaí agus an éagothroime atá ann, gan beann ar aoisghrúpaí.

Is aisling dho-aimsithe i gcónaí é rochtain chomhionann a thabhairt ar an oideachas agus ar dheiseanna don óige, agus áirím freisin mná agus cailíní faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga ó chúlraí imirce. Más é an sprioc atá i gcoiteann againn bunchloch dhaingean a chur ar fáil do dhaoine óga le go bhféadfaidh siad a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a n-aislingí a fhíorú, níor mhór dúinn tosú ar bheart a dhéanamh láithreach. Ní rud simplí é réiteach a mholadh, ach dá neartófaí na naisc atá ag na Ballstáit leis na sochaithe sibhialta, go háirithe leo siúd a oibríonn i réimse an oideachais neamhfhoirmiúil, d’fhéadfaí bearnaí a líonadh tar éis dóibh a chinneadh cé na réimsí is leochailí atá ann. Trí chur le scileanna na múinteoirí agus na n-oibrithe óige uile le go bhféadfaidh siad acmhainn an phobail a chruthú, d’fhéadfaí creat a chur ar fáil le haghaidh roinnt de na réitigh chórasacha spriocdhírithe.

Is í an tsochaí shibhialta a dhéanann an rannpháirtíocht ghníomhach shibhialta a spreagadh, ach is íseal na rátaí atá ann go fóill maidir le rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht agus sa rialachas daonlathach. Tá bearna shoiléir idir na mianta atá ag daoine óga agus na spásanna agus na deiseanna atá ar fáil acu chun na mianta sin a fhíorú. Ní leor toghcháin chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach, toisc gur deacair fós cur i gcoinne an chultúir pholaitiúil agus na bréagaisnéise i roinnt tíortha. Mar sin féin, ní chiallaíonn sé i

gcás nach gcaitear vóta nach bhfuil tuairim ag duine nó nach bhfuil fadhbanna ann le réiteach. Chun an tsaoránacht ghníomhach a spreagadh, ní hamháin go bhfuil ar dhaoine óga taithí dhearfach a fháil ar an ngníomhaíocht dhaonlathach ach teastaíonn torthaí nithiúla uathu freisin – gan aon chur i gcéill, gan aon roghnaíocht, gan a bheith ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine óga go bhfuiltear á gcur san áireamh nuair nach bhfuil (*youthwashing*). Tá gach dóchas agam go mbeidh na Ballstáit in ann na spásanna sin a chruthú agus go ndéanfar níos mó ná díreach go mbeidh ar dhaoine óga fanacht go mbeidh an deis acu páirt fhóinteach a ghlacadh sa tsochaí agus i bpróiseas an chomhchruthaithe. Ach ní i gceann trí bliana, cúig bliana ná deich mbliana ba cheart dá leithéid tarlú. Caithfear tabhairt faoin athrú láithreach bonn le nach méadóidh an deighilt sa tsochaí a thuilleadh.

Le linn na comhdhála Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS 2025), bhí sé de phléisiúr agam páirt a ghlacadh i ndréachtú molta amháin a bhaineann go sonrach leis an athrú aeráide, óir creidim féin go bhfuil na trí ghéarchéim atá ag titim amach ar an domhan seo againne ar cheann de na dúshláin is mó atá le sárú ag an gcine daonna. Ar cheann de na cúig mholadh a rinne YEYS bhí straitéis chomhleanúnach maidir leis an athrú aeráide a fhorbairt don Eoraip; ar na moltaí eile bhí an comhrac i gcoinne an éillithe tríd an trédhearcacht agus rannpháirtíocht na hóige, an tsaoránacht ghníomhach, an comhionannas agus an smaoineamh go bhfuil ‘suíochán tuillte ag an aos óg’. Toisc go bhfuil an moladh sin ar an liosta a formhuiníodh, is léir gur dúshlán ríthábhachtach é dar linne a d’fhreastail ar an gcomhdháil agus go gcaithfear aghaidh a thabhairt air. Mar sin féin, is léiriú iad na moltaí sin ar dhearcadh grúpa daoine óga a bhfuil roinnt mhaith cumhachta acu cheana féin agus ní féidir glacadh leis gur sampla ionadaíoch iad den dream óg i ngach uile Bhallstát. D’fhéadfadh sé go raibh daoine áirithe den tuairim go bhfuil an moladh áirithe sin ar an moladh is tábhachtaí a rinne rannpháirtithe na comhdhála, ach ba cheart a thabhairt faoi deara gur rangaíodh é ar an moladh deireanach ar an liosta in ord tosaíochta. Rud is féidir a thuiscint as an liosta nach bhfuil aon ábhar amháin ann a bhféadfaí ‘ábhar na hóige’ a thabhairt air. Tá imní ar dhaoine óga faoi na saincheisteanna go léir atá ag cur isteach ar an tsochaí trí chéile agus is clár oibre leathan trasearnála atá i gclár oibre na hóige.

Tuigeann roinnt daoine óga an tábhacht a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus an inbhuanaitheacht, ach níl sé d’acmhainn ag daoine óga eile tosaíocht a thabhairt don ábhar sin toisc gur ag streachailt atá siad chun a mbunriachtanais a shásamh. Luaigh mé na trí ghéarchéim atá ag titim amach ar domhan agus go bhfuil sé sin ar cheann de na mórdhúshláin atá le freagairt ag an gcine daonna. Mar sin féin, má smaoinímid go gcaithfear dul i ngleic leis na saincheisteanna móra go léir i gcomhthráth, agus mura ndéanfar sin nach mbeidh éifeacht leis an réiteach, athraíonn an scéal. De thoradh an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus toisc go bhfuil ar an Aontas troid ar son an iomaíochais dhomhanda, tá aird á tarraingt ar phróisis an aistrithe agus moill á cur orthu freisin. I ndeireadh an lae, níl an dara domhan againn ná ní bheidh ag na glúnta inár ndiaidh chun na saincheisteanna sin a réiteach, agus ní féidir linn dul sa seans a thuilleadh acmhainní uile an domhain a ídiú.

Is mian liom tagairt arís don bhearna bhaoil a luaigh mé. Ba cheart go mbeadh an t-aos óg ina iomláine, daoine den uile chineál, fós in ann tairbhe a bhaint as a n-óige agus as na pribhléidí, na dúshláin agus an áilleacht go léir a bhaineann leis an tráth sin dá saol. Tugadh le fios, áfach, i dtuarascáil a d’fhoilsigh na Náisiúin Aontaithe le deireanas go bhfuil meath tagtha le deich mbliana anuas ar cé chomh sásta agus atá daoine fásta óga lena saol. Fiú amháin agus dúshláin mhóra le sárú againn, creidim go diongbháilte go bhfuil seans maith againn na saincheisteanna práinneacha atá ann a réiteach agus feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil do chách más féidir linn an t-aos óg a spreagadh trí na torthaí nithiúla a bhíonn ar a gcuid gníomhaíochtaí.

*Tá* ***Kristýna Bulvasová*** *ina ball de Líonra Eorpach na hÓige ar son na Forbartha Inbhuanaithe. Ba Thoscaire ar son na hÓige í ar an gComhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha i gComhairle na hEorpa (CLRAE)*

*agus ar thoscaireacht na Seicia sna Náisiúin Aontaithe. Bhí sí ina hurlabhraí ar Fhóram Óige na Seicia-na Gearmáine agus tá sí fós rannpháirteach i gcur chun cinn an chomhair idir an tSeicia agus an Ghearmáin. Is gníomhaí i réimse na hóige í Kristýna atá dírithe ar an oideachas agus ar an inbhuanaitheacht sa todhchaí, agus is í atá i gceannas ar an eagraíocht neamhrialtasach Mladí občané (MOB) sa tSeicia agus tá sí ag cur deireadh lena cuid staidéir in Ollscoil Karlova i bPrág agus in Ollscoil Regensburg. Chomh maith leis an bpáirt ghníomhach a ghlac Kristýna in YEYS, bhí sí ar dhuine de na cainteoirí a labhair le linn Sheachtain na Sochaí Sibhialta in CESE sa seisiún Foresight for inclusive just transition and green-blue growth.*

---



## Young Moldovans at YEYS 2025: building a generation that sees beyond limitations

**Young Moldovan Mădălina-Mihaela Antoci was one of the representatives of EU candidate countries at this year's EESC annual youth event *Your Europe Your Say! (YEYS)*. She also took part in the EESC's *Civil Society Week* where she delivered an inspiring speech during the opening panel *Still united in diversity.* President of Erasmus Student Network Moldova and a board member of the country's National Youth Council, Mădălina-Mihaela shared what the EU means for young Moldovans and told us about her mission to encourage young people from her country to study abroad and embrace a global mindset.**

**Is the National Youth Council of Moldova engaging young people in discussions about EU integration? How do young Moldovans perceive the EU?**

Absolutely! The National Youth Council of Moldova ensures that young voices are heard in Moldova's EU integration process through consultations, advocacy campaigns and direct engagement with policymakers. For many young Moldovans, the EU represents progress, new horizons, and a future where their talents are recognised and valued. However, there are still gaps in awareness, and that's where we step in – turning curiosity into active participation.

We are organising forums, debates and workshops on EU integration, policy and youth rights.
We are calling for youth inclusion in national decision-making processes.
We are launching campaigns to inform and educate young Moldovans about the benefits of EU membership.

**Could you briefly introduce your work with the Erasmus Student Network (ESN) Moldova?**

As President of ESN Moldova, I'm on a mission to connect young people to life-changing international opportunities. Our team works to promote mobility, create a welcoming environment for exchange students, and advocate international education. One of my key initiatives is *Erasmus in Schools*, where we inspire high school students to dream beyond borders and embrace a global mindset.

**Could you share any figures on how many Moldovan students have benefited from the Erasmus+ academic programme so far, either in total or annually?**

Right now, Moldova does not host incoming Erasmus+ students, but our young people are making waves abroad! Every year, between 500 and 700 Moldovan students study or do traineeships in top European institutions through Erasmus+. Since the programme's launch, thousands have gained international experience, bringing back innovation, leadership and a fresh perspective. Through *Erasmus in Schools*, I strive to make mobility a reality for even more young Moldovans, proving that the world is theirs to explore.

**In your view, what is the value of such academic exchange programmes for young people in a candidate country like Moldova?**

Erasmus+ is not just a study programme – it's a launchpad for Moldova's future. It gives young people more than an education; it gives them adaptability, resilience and a European perspective. In a candidate country like Moldova, it's about building a generation that sees beyond limitations, that innovates, collaborates, and is ready to lead our country into the European future.

**What were your expectations for YEYS and Civil Society Week?**

I expected powerful discussions, bold ideas and real commitments to youth inclusion in policymaking. These events are more than just meetings – they are platforms where young change-makers challenge the status quo and push for a stronger, more inclusive Europe. For Moldova, this is another step toward bridging the gap between the local reality on the ground and European ambitions, proving that our young people are not waiting for the future – we are creating it.

***Mădălina Mihaela Antoci** is a 21-year-old youth leader passionate about education, civic engagement and youth empowerment. She currently serves as the President of Erasmus Student Network Moldova and is a board member of the National Youth Council of Moldova.*

*A tireless advocate of the Erasmus+ academic programme, she has achieved remarkable success in encouraging young people to explore international opportunities while also emphasising the value of education at home. Through her efforts, she has inspired hundreds of students to engage in academic mobility and contribute actively to their local communities.*



## Tá an-acmhainn in aos óg na hÚcráine

**Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS) In eagrán 2025 de YEYS tugadh le chéile thart ar 90 dalta ón Aontas Eorpach, ó thíortha is iarrthóirí agus ón Ríocht Aontaithe. Tháinig Valeriia Makarenko an bealach ar fad ó limistéar cogaíochta Kharkiv san Úcráin chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann a tíre ag an ócáid. Labhair sí faoina thábhachtaí atá YEYS d’aos óg na hÚcráine agus d’inis sí faoin dóchas atá aici go mbeidh todhchaí níos gile i ndán don Úcráin mar thoradh ar an nglúin óg a fuair taithí ar an teacht aniar agus ar an aontacht le linn an chogaidh.**

**1) Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go bhfreastalódh daoine óga ar imeachtaí Eorpacha ar nós Leatsa an Eoraip, Abair Leat?**

Creidim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go bhfreastalódh daoine óga ar imeachtaí Eorpacha ar nós Leatsa an Eoraip, Abair Leat! toisc go dtugann siad ardán dóibh a dtuairimí a roinnt, páirt a ghlacadh i bplé fiúntach agus todhchaí na hEorpa a mhúnlú. Cuireann na himeachtaí sin deiseanna fíorluachmhara ar fáil ónar féidir foghlaim faoi phróisis chinnteoireachta, scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus nasc a dhéanamh lenár gcomhaoisigh i dtíortha eile. Tá an rannpháirtíocht sin níos tábhachtaí fós d’aos óg na hÚcráine toisc go dtugtar deis dúinn ár dtaithí féin a roinnt, tacú le lánpháirtiú na hÚcráine san Eoraip agus an dlúthpháirtíocht a chothú i measc aos óg na hEorpa.

**2) Cén tionchar a bhí ag an gcogadh ar aos óg na hÚcráine?**
Gan amhras ar bith, tá saol aos óg na hÚcráine athraithe go mór mar gheall ar an gcogadh, mar atá, i réimsí an oideachais, na meabhairshláinte agus na slándála i gcoitinne. Mar shampla, b’éigean do lear mór daoine óga dul in oiriúint don fhoghlaim ar líne nó lonnú go háiteanna eile, faoi dhálaí dheacra éagobhsaí go minic. Mar sin féin, chothaigh an cogadh an teacht aniar sin atá ionainn – ní hamháin gur siombailí den chumhacht agus den neart iad aos óg na hÚcráine anois, ach tá páirt níos gníomhaí acu freisin san obair dheonach, sa ghníomhaíochas agus in iarrachtaí atógála, ar nós tionscadail pleanála uirbí. In ainneoin na ndeacrachtaí atá ann, tá rún daingean againn ár bhféiniúlacht a chosaint agus todhchaí ár dtíre a thabhairt slán.

**3) Cén dóchas atá agat do thodhchaí aos óg na hÚcráine?**
Is cinnte gur ceist chasta í ceist na todhchaí do gach ógánach san Úcráin. Tá súil agamsa agus ag mo phobal go mbeidh gach duine óg san Úcráin in ann teacht ar oideachas den chéad scoth, ar dheiseanna chun dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm agus ar thodhchaí shlán in Úcráin láidir neamhspleách. Tá súil agam freisin go leanfaidh an pobal idirnáisiúnta de thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus í i mbun atógála ionas go mbeidh daoine óga ag déanamh go maith agus nach díreach ag maireachtáil ón lámh go dtí an béal a bheidh siad. Tá an-acmhainn in aos óg na hÚcráine, agus is ábhar misnigh é níos mó daoine óga a fheiceáil ag glacadh páirt i dtionscadail éagsúla san oideachas, san eolaíocht, in athchóiriú an bhonneagair agus i réimsí eile. Thar aon ní eile, tá súil agam go mbeidh todhchaí níos gile, níos nuálaí agus níos daonlathaí i ndán don Úcráin mar thoradh ar an nglúin óg a fuair taithí ar an teacht aniar agus ar an aontacht le linn an chogaidh.

**4) Cé na smaointe deiridh atá agat faoin imeacht seo?**

Fuair mé an-spreagadh agus mé anseo. Fiú trí chomhrá a dhéanamh nó a bheith ag éisteacht agus anailís a dhéanamh ar a raibh á rá ag rannpháirtithe eile, is féidir liom a rá gur fóram an-chumhachtach atá ann, agus gur leor teacht le chéile chun an rud is féidir linn a chur i gcrích le chéile a thaispeáint. Mar shampla, roinnt de na tionscadail a chuireamar i gcrích, ba chabhair mhór iad linn chun tuiscint ní b’fhearr a fháil ar thíortha eile. Chuir mé eolas ar an oiread sin rudaí spéisiúla nua faoi thíortha éagsúla. Táim an-sásta gur ghlac mé páirt san imeacht agus táim bródúil as go raibh mé anseo.

*Is dalta 16 bliana d’aois as Kharkiv na hÚcráine í* ***Valeriia Makarenko****. Tá sí i mbliain 10 ag Lyceum #99 in Kharkiv.*

---




## My YEYS 2025 experience – Young people can make a difference!

**Seventeen-year-old student Adam Mokhtari was one of Ireland's representatives at Your Europe, Your Say! (YEYS) . He later presented the YEYS recommendations at EESC's Civil Society Week where he spoke in a session titled *Charting Europe’s course - Reconnecting polarised societies through community learning and citizenship education*. Adam describes what he liked about YEYS and shares his personal story to highlight why he wants a Europe where everyone feels included.**

**By Adam Mokhtari**

Hi, my name is Adam Mokhtari, and I had an amazing experience representing Ireland at *Your Europe, Your Say! (YEYS) 2025*. Around 90 young people from across Europe came together to share ideas and shape the future.

One of my favourite parts was working in groups to discuss important issues and make decisions. I also really enjoyed the activity where we took turns being a listener, speaker and observer, discussing what Europe meant for each of us personally. Each of us had seven minutes to speak—it made sure everyone’s voice was heard.

At the end, we agreed on **five key recommendations**. They are to make governments more transparent and include young people, teach active citizenship in schools, ensure equality for all, give young people a real say in politics and create a strong climate action plan.

I was honoured to represent all YEYS participants at EESC Civil Society Week, sharing our recommendations with policymakers. It showed me that young voices matter!

**The power of education**

Education plays a huge role in helping young people get involved in democracy. It teaches us how to think critically, spot fake news, and take action. Without my school’s support, I wouldn’t have had this opportunity. Now, I want to encourage others to get involved too.

At YEYS, EESC President **Oliver Röpke** and the EU Youth Coordinator **Biliana Sirakova** listened to our ideas and encouraged us to keep pushing for change.

**My story & why inclusion matters**

I was born in Ireland, but my parents moved here in the late 90s. When they arrived, they experienced love and respect from the Irish people. My mum and dad told me that during that period, there was very little diversity in Ireland. Despite this, my parents thrived in the 90s.

I am Irish and I am European. I have Algerian heritage.  Sometimes, I have felt different from others, but most of the time I feel like everyone else.  I have learned a lot from different cultures, and I think that’s what makes life better. If we were all the same, it would be boring.  It's all about being open to differences and understanding of others.

Unfortunately, some migrants and young people today face discrimination, hate and unfair treatment, which can be encouraged by social media. It needs to change. It makes me unhappy to see this. Some immigrants in Ireland now have a bad time, living on the streets, and they are seen as a problem. It's not easy and it is so sad.

I’ve been lucky to attend schools where everyone feels included, but not all young people have that experience. We need to make sure all young people feel accepted and that they belong, so they don’t feel left out or disconnected from society.

**Building a better future**

To make Ireland and the European Union more inclusive, we need better education about different cultures and what the EU does for us.  This will help with understanding and improve inclusion.

We need community events to bring people together and interact in a positive way with each other. More young people need to be involved in decisions at a local level, even in youth clubs, sports clubs or school or at EU level. This will make them feel included in the things that are important to them. Show young people how to get involved.

We need support from the EU to make inclusion a priority.  It was great to hear that inclusion was a priority for the EESC.

**What I want for Europe**

Many young people don’t know much about what the EU does for them. The EU should do more to help us get involved in politics and voting.

I want a Europe that is united, fair and welcoming—where everyone feels included, no matter their background.

YEYS showed me that young people can make a difference. Even if our ideas aren't all accepted right away, at least they're being heard. As an Irish young person with Algerian heritage, I feel that my voice matters—and I want others to have the same opportunity.

Education can help bring people together, fight discrimination, and give young people a voice. I'll be taking this experience back home and encouraging others to get involved. The future is in our hands!  It is our Europe and we have a say!

***Adam Mokhtari*** *is a 17-year-old student from Ireland. He attends Bremore Educate Together Secondary School in Balbriggan near Dublin. Passionate about the EU and about making societies more inclusive and successful, Adam took part in YEYS 2025 and was a YEYS representative at this year's Civil Society Week.*

---



## Imeachtaí ar nós 'Leatsa an Eoraip, Abair leat' (YEYS), comhartha do mhuintir na hUcráine is ea iad nach bhfuil dearmad déanta ag an Eoraip orthu

**Tráth atá plancadh agus tuargaint á ndéanamh orthu ó lá go lá agus iad ar a míle dícheall ag iarraidh gan bás a fháil, is beag más féidir do ghlúin óg na hÚcráine féachaint rompu ar thodhchaí atá i bhfad uathu, dar le Yevheniia Senyk, rannpháirtí i YEYS 2025 agus gníomhaí óige ón Úcráin. Insíonn sí dúinn conas a chuireann an cogadh isteach ar eagraíochtaí óige ina tír féin agus a thábhachtaí atá sé guth a thabhairt dóibh ar an leibhéal Eorpach.**

**Cén tionchar a bhí ag an gcogadh san Úcráin ar bhur n-eagraíocht sna trí bliana atá gafa tharainn, dar leat, agus cén t-athrú atá tagtha ar bhur modhanna oibre?**

Is é sprioc Ardán SD (a bunaíodh in 2013) luachanna ar nós na saoirse, na dlúthpháirtíochta, an chomhionannais agus an cheartais a chosaint ós rud é gurb iad sin na luachanna is tábhachtaí, dar linn, chun todhchaí fhorásach a chruthú san Úcráin. Toisc gur cuireadh d'fhiachaibh ar roinnt mhaith Úcránach an baile a fhágáil, tá go leor brainsí curtha ar bun againn freisin ar an gcoigríoch chun rannpháirtíocht óige na hÚcráine lasmuigh den tír a spreagadh.

I dtosach báire, is mór mar atá obair na mbrainsí réigiúnacha suaite ag an gcogadh toisc cuid mhaith de na brainsí sin, mar shampla in Odessa agus Zaporizhzhia, a bheith lonnaithe in áiteanna atá buailte ar líne thosaigh na troda nach mór, agus muintir na gceantar sin á bplancadh le buamaí ó lá go lá. Is deacair dóibh díriú ar imeachtaí a reáchtáil nuair is é an chloch is mó ar a bpaidrín gan bás a fháil. Fágann an plancadh buamaí laethúil sin a rian ar an óige i ngach cearn den tír toisc nach acmhainn dóibh a thuilleadh féachaint rompu ar thodhchaí atá i bhfad uathu agus gan a fhios acu cad a bhainfidh dóibh amárach nó fiú amháin i gceann dhá uair an chloig.

Anuas air sin, tá staid airgeadais na hÚcráine guagach agus míshocair de dheasca an chogaidh, rud a fhágann an t-aos óg ar easpa fostaíochta. Bíonn ar dhaoine óga post a aimsiú agus iad ag iarraidh a gcuid staidéir a dhéanamh san am céanna, ní áirím páirt a ghlacadh in eagraíochtaí óige. Ní haon dóithín na cúraimí uile sin a choinneáil ar mheá chothrom le chéile.

Tar éis an mhór-ionraidh, thosaigh cuid mhaith daoine óga ag troid in éadan fhórsaí na Rúise agus airm ina láimh acu in ionad a ndúthracht a chaitheamh le comhairlí nó eagraíochtaí don óige. Dá thoradh sin, níl taithí á fáil ag an aos óg ar réimse na polaitíochta. Rachaidh sé dian orainn sna blianta atá amach romhainn a chinntiú go mbeidh an uile dhuine in ann páirt a ghlacadh sa pholaitíocht mar is ceart.

Faoi scáth Ardán SD, cuirimid oideachas polaitiúil agus seachfhoirmiúil ar fáil in aisce lena chinntiú gurb acmhainn don aos óg tionchar a bheith acu ar an bpolaitíocht ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta.

**Cad ina thaobh, dar leat, ar tábhachtach an ní d’eagraíochtaí óige nó d’ionadaithe na n-eagraíochtaí sin freastal ar imeachtaí ar nós YEYS?**

Thar aon ní eile, cuireann na himeachtaí idirnáisiúnta sin ar a súile do mhuintir na hÚcráine nach bhfuil dearmad déanta ag muintir na hEorpa orthu. Is mór is tábhachtach linn a bheith anseo, guth a bheith againn, ceisteanna a chur ar dhaoine eile faoin taithí atá acu féin agus smaointe nua a thabhairt abhaile linn.

Fairis sin, léiríonn sé gur cumas dúinn dul isteach san Aontas Eorpach ar ball agus go bhfuilimid tiomanta dósan. De réir mar a thabharfar cuirí eile mar seo dúinn, beidh deis ag aos óg na hEorpa éisteacht linn agus deis againne éisteacht leosan freisin. Is cuma nó comhpháirtíocht eadrainn go léir é.

**Cad atá de dhíth ar an aos óg, dar leat, a chuideodh nó a thacódh leo leanúint orthu ag glacadh páirt san obair don óige agus sa ghníomhaíochas?**

Sílim gur den mhórthábhacht é go rachadh an tAontas Eorpach i gcomhairle le haos óg na hÚcráine. I mo thuairimse, má leanann an tAontas Eorpach de dheiseanna a chur ar fáil dúinn ról a bheith againn nuair a bhíonn beartais an Aontais á múnlú, beimid ábalta teacht ar chonclúidí i gcomhar le chéile, conclúidí a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh toisc gur cuid den Eoraip sinn. Ar an ábhar sin, is conclúid choiteann a theastaíonn i ngach réimse beartais. Chomh maith leis sin, má leanann an tAontas Eorpach den tacaíocht airgeadais atá á cur ar fáil aige d’aos óg na hÚcráine chun gur féidir dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí ar nós YEYS, spreagfaidh sin iad le bheith rannpháirteach i gcónaí sa pholaitíocht toisc nach mbeidh an t-ualach céanna airgeadais ina bhac ar rannpháirtíocht orthu a thuilleadh.

*Is gníomhaí óige í* ***Yevheniia Senyk*** *de chuid Ardán SD, balleagraíocht de Chomhairle Náisiúnta Óige na hÚcráine.* Is mac léinn i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta í in Ollscoil Náisiúnta Polaiteicnice Lviv.




# [Engaging youth should go beyond just ticking a box]

**Never before have we had such an educated generation with so much potential, yet also under so much pressure and facing so many doubts about what lies ahead, says youth expert and keynote speaker at YEYS 2025, Bruno António. He talked to EESC Info about how to amplify the voices of young people and why, at a time when discrimination and xenophobia are on the rise in Europe, it is crucial for future EU youth programmes to continue teaching them about the importance of democracy.**

**Are young people today passive or active in political and community life? In what ways can young people be more engaged in policymaking?**

Different studies show that young people care and actively participate. If we define political engagement as being aware of critical societal issues, it is evident that young people are taking action to drive change. What's particularly interesting is how they choose to engage. Traditional ways of participation include voting, volunteering in NGOs or joining the youth wings of political parties. Today, these seem to be less popular among young people, who prefer to influence public policymaking by signing petitions or by participating in protests and other innovative ways. At DYPALL Network, we explore these engagement tools, which include consultancies, participation in local youth councils, and other local youth dialogue mechanisms. We see strong interest among young people to participate, but most mainstream mechanisms remain neither youth-friendly nor truly meaningful.

**Recent European election results and national polls show that many young people have voted for right-wing parties. Why do you think this is so and do you see this as a worrying trend that could jeopardise European values such as equality and inclusion?**

The rise in right-wing votes among young people is a worrying trend. We believe it stems from dissatisfaction with mainstream politics, a deep distrust of political institutions, a desire for a strong national identity, and fears about economic and social security. We have to be able to understand the root causes of these alarming voting tendencies. This generation has grown up in a time of constant crises and uncertainty about their future. Never before have we had such an educated generation with so much potential, yet also under so much pressure and facing so many doubts about what lies ahead. Social media algorithms amplify polarising content, shaping perspectives.

All this creates uncertainty about the future. Voting for populist parties may be both a form of protest and of general dissatisfaction on the one hand. But on the other, it can also reflect the desire for a strong voice in power that brings a sense of security. However, history has shown that when such populist right-wing parties gain power, young people often lose their hope and feel betrayed. Often this is too late when they realise that rights, freedoms and other important values to them are being taken away or put in question.

This trend is already jeopardising our European values, we can see this not only in political discourse but also in the daily lives of people in our communities, where acts of xenophobia or discrimination towards those who are different are becoming normalised. Therefore, it is essential that future EU youth programmes continue to support young people in understanding the importance of democracy, learning

about it and experiencing it, while also helping them to develop the skills needed to build resilience against the threats posed by anti-democratic movements.

**How aware are young Europeans of what the EU does for them? How can they be encouraged to take a greater interest in the EU? How would you assess the EU's communication efforts?**

We can easily say that young people's awareness of what the EU does for them is definitely higher than in older generations. Youth programmes such as Erasmus+, ESC, and DiscoverEU contribute to building this sense of belonging to a European identity, and they should be reinforced and made available to all young people in Europe.

But are they truly aware of what Europe does for them? In our opinion, no. The EU's ability to demonstrate its impact on society —especially on young people—still needs to be more visible and better understood. The decisions made by EU institutions have a huge impact, and this should push young people to take a greater interest in EU affairs. How? Two ideas come to mind: EU institutions need to send an eye-opening message that what is decided at the EU level directly affects their lives. Also, they should expand programmes that offer young people more opportunities to learn about, experience and discover the EU. This can increase a sense of belonging, empathy, connection and friendship among Europeans.

Despite an enormous effort undertaken by different EU institutions to reach out to citizens, and despite significant improvements in various campaigns and tools, we cannot say that they are enough. In practice, they are often far from the realities of young people.

While the EU has made strides in social media presence and youth-targeted campaigns, its messaging still lacks relatability, especially for the diverse young people in our societies. The EU’s communication efforts need further development and structuring by incorporating new outreach methods, such as hiring youth NGOs as ambassadors of young people’s voices, developing decentralised platforms for outreach, and structuring storytelling campaigns that connect EU policies to relatable everyday experiences. In this context, it is essential to experiment with new communication approaches and to have young people directly involved in creating and implementing campaigns and other communication efforts.

**How can we amplify the voices of young people?**

By taking them seriously and recognising their value. Institutions have the power and capacity to amplify young people's voices, but what is sometimes missing is the willingness to provide the space, support, opportunities and tools to engage them meaningfully. Youth participation should not be treated as a checklist: inviting young people to public events, taking pictures for social media, and then neglecting their contributions. Youth participation needs to be impactful, meaning young people need to see the results of their engagement and the changes that follow.

Amplifying young voices requires institutional support, such as youth representation in decision-making bodies. It also requires building trust, which takes time, quality spaces and processes to work together. For this to happen, proper funding must be allocated, and institutions need the capacity to work better and engage young people in decision-making. This demands investment, genuine commitment and time.

***Bruno António*** *is Executive Director at DYPALL Network,* a *European platform of civil society organisations, local authorities, and research institutions for promoting youth participation in local decision-making. For the past 12 years, Bruno has been working as a youth expert and external consultant for several institutions, such as the European Commission and the Council of Europe. He previously served as Secretary-General of Youth for Exchange and Understanding, as well as Executive Director at ECOS – Cooperativa de Educação, Cooperação e Desenvolvimento. He has a degree in Social Education from the University of the Algarve in*

*Faro, Portugal.*


## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Laura Lui (ll)

## Contributors to this issue

Christian Weger (cw)
Daniela Vincenti (dv)
Dimitra Panagiotou (dm)
Erika Paulinova (ep)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Giorgia Battiato (gb)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katerina Serifi (ks)
Laura Lui (ll)
Leonard Mallett (lm)
Marina Aiudi (ma)
Marco Pezzani (mp)
Margarita Gavanas (mg)
Margarida Reis (mr)
Millie Tsoumani (mt)
Pablo Ribera Paya (prp)
Samantha Falciatori (sf)
Parminder Shah (sp)
Thomas Kersten (tk)

## Coordination

Agata Berdys (ab)
Giorgia Battiato (gb)



## Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu



EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 24 languages
EESC info is not an official record of the EESC’s proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee’s other publications.

Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link  is sent to the editor.

03/2025